


I R I S D O N A O I S N U A



Eagrán 17

Márta 2000

£1.90

VENUS

John Spillane: 'Brilliant or What?' Seán Ó Riada – The Vertical Man

Seachtain na Gaeilge • Red Priest • Aberystwyth 2000 • PfP
San Siobhán • Aussie Rules • Gay IRA? • Turas Rua

ISSN 1393-7243



9 771393 724019





pobal



forbairt



cultúr



*ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge*



Údarás na Gaeltachta


Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh.

Tel: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>



John Spillane: 'Brilliant or What?'
Seán Ó Riada – The Vertical Man

Verbalist Books • ISBN 1 899236 004 • £12
www.verbalist.com • 01223 320000 • 01223 320001

CUISLE

An tEastát Tionsclafochta,
Casla,
Co na Gaillimhe
Teil: 091 572077
Facs: 091 572076
Ríomhphost: cuisle@tinet.ie


Eagarthóir:
Diarmuid Johnson

Riarthóir:
Veronica Ní Chriofa

Dearadh:
Caomhán Ó Scolaí
091 572008

Clódóir:
Kilkenny People

Grianghraf clúdaigh:
Balar



Arna fhoilsíú ag
Foileseachán an Phobail Teo,
Casla, Co na Gaillimhe.

San eagrán seo



FÍS

An bhfuil Éire agus Fódla
ar aon fhís le *Cuise?*
Féach í le bliain anuas

4



Ros na Rún, Aussie Rules
agus damhsa an bhoilg –
bain lán na súl as TG4

20



THE VERTICAL MAN
Cén mhoill atá ar an
scannán nua faoin
Riadach?
Tualrisc le John Hughes

7



EADRAINN
Tá mé i ngrá leat, a Nóra;
Red Priest;
Na Samaritans; Gay IRA?;
DIY – scríobh t'alt féin . . .

8 – 11



AN FHUINNEOG
Venus goddess of love,
Cá bhfuil 'An Áit'?
An Béal Beo

22



CLOCHA BEAGA
SCARTHA

Níl againn tar éis na
dtuitle ach Annála
Chruach Phádraig –
sleachta stairiúla as
scribhinní thús míliaoise

25



ABERYSTWYTH 2000
Beldh Féile na Scannán
Ceilteacha sa mBreatáin
Bheag i dtús na míosa
seo chugalinn. Máiréad
Nic Seaghain, Power
Pictures agus cúrsáí na
féile le Trevor Ó
Clochartaigh 12 – 15



SAN SIOBHÁN
Fógraíodh 'San Siobhán'
sa Taibhdhearc roimh
Nollaig.
Script nó aisteoirí:
céard a bhí de dhíth?

26



TURAS RUA
Tá Rua ag fágáil na
Clúide agus deor na
seanleon mantach
faoina shúll.
Scríobhaigí chuige,
a pháistí:
RUA, Indreabhán,
Co na Gaillimhe

30



'BRILLIANT OR WHAT?'
Tá an t-amhránaí
Corcaíoch John Spillane
ag obair ar albam nua.
Shiúil Cuise bruach na
Laoi leis agus ceannaíodh
na Jaffa Cakes 16 – 19



AT SEA? Read our English summaries and sidebars wherever you find
this symbol

DEIS FREAGARTHA

Is é polasaí na hirisí seo deis freagarta a thabhairt do gach duine nő do gach eagraíocht a éilíonn sin,
má tá siad míshásta faoin méid a scriobhadh futhu i gCuise. Téigh i dteagmháil leis an Eagarthóir,
Cuise, Casla, Co na Gaillimhe, nő cuir ríomhphost chuig cuise@tinet.ie faoin scéal.

Tá *Cuisle* ag treabhadh iomaire dá cuid féin ó chuir sí cois fuithi. Tá sí beagbheann ar an *status quo* – iris idéalach ó lig sí an chéad scread. Tharraing *Cuisle* aird ar na Gaeltachtaí beaga ó bunaíodh í: is dlúthchuid den *agenda comhaimseartha* é cothú na gceantar sin anois. Leag *Cuisle* béim ar thábhacht an duine agus ar forbairt na n-acmhainní daonna: is gnáthchuid den dioscúrsa polaitiúil é sin feasta. Iris mhaith sin iris a mhúnláionn smaointe na tíre, iris a bhfuil fíos ag roinnt léi. Seo cuid d'fhis *Cuisle* le bliain.




Cothú na Naónraí

‘Tá na milliún punt á n-infheistiú sa nGaeltacht, sa turasóireacht, sna báid farantóireachta, i bpáipéirí nuachta, i gcomhlachtaí foilsitheoirreachta agus i dtionscal na teilihise ar mhaithe le fostáiocht agus forás. Ach tá tábhacht ar leith leis na naónraí agus infheistíocht dílte dóibh dá réir. Níl punt a infheistítear sna naónraí nach mbfónn toradh céatach air. Go minic, ní hionann agus áras breá nó eastát tionsclaíochta, ní bhíonn feiceáil ar an toradh. Ach ní leor béim ar an bhfostáiocht muna bhfuil béim ar dhúchas na bpáistí: is sa duine agus sna hacmhainní daonna is gá an infheistíocht a dhéanamh.’
(Meitheamh)



‘Little Academics can do about the future of the Celtic languages’

‘Is minic céim ollscoile ina céim ón bpobal amach, agus is fada céim sa nGaeilge ina céim ó phobal na Gaeltachta amach. Cén chaoi ar féidir le pobal na Gaeltachta athghabháil a dhéanamh ar a gcuid céimithe ionas gó mbeidh tionchar ag an léann ar a bhfuil i ndán don Ghaeilge? Cén chaoi ar féidir le lucht léinn an athghabháil seo a bhroistí? Cén chaoi ar féidir dúchas agus oilíúint a nascadh?’ (Meán Fómhair)



Pic: Balar

Gaillimh: ‘Europe’s Ugliest?’

 In the area of urban planning, Galway is a model of chaos. The speculators slap up the houses, roads are added gradually, and finally, while residents' groups are fighting for shopping and leisure amenities, a adequate sewage system is proposed. Galway's copywriters have succeeded in selling the city as a centre of the arts, a celtic-cum-cultural Mecca, a vibrant industrial cell. Their press statements say little about the desertification of much of rural Connaught, the latent delinquency in sprawling suburbs, the visionless merchants.’

(Írial-Lúnasa)




Cocaí Féir agus Fóidín Gortach

'Maíonn Údarás na Gaeltachta go bhfuil forbairt shóisialta na Gaeltachta ar cheann dá chuid cúramí. Ach cuid de na fadhbanna sóisialta atá ann, tá baint acu le polasaithe foastaíochta an Údaráis. De bharr athlarnú cumhachta in

áiteacha sa nGaeltacht, mealladh daoine amach as a gceantair féin chuig áit nach raibh tithíocht ná lóistín sásúil. Rud is measa, nuair is drochloistín a bhí ag cuid de na hoibrithe, bhí scoth na suíomhanna á gcur ar fáil go saor d'fheidhm-eannaigh an Údaráis. Cuid eile díobh, b'fhéarr leo cur fúthu sa ngealchathair áit nach bhfuil an coca féir ná boladh na móna.'

(Deireadh Fómhair)



Forás nó Meath?

'Buntáiste a bheadh ann aon iris láidir amháin a bhunú. Iris phro-faisiúnta. Iris a mbeadh daoine i dtionscal na foilsitheoirreachta agus na margáiochta á stiúrú. Is minic pósadh ina rósthadh, a deir tú. Ach léiríonn Suirbhé *Chuisle* gur iris trí nó cheithre scór leathanach is fearr a dhéanfadh freastal ar an margadh. Iris a mbeadh tacaíocht ionlán na n-eagraisí Gaeilge aici. Iris ilghnéitheach do phobal ilghnéitheach. Forás nó meath a bhíonn ann i gcúrsaí gnó: cé acu atá i ndán?'

(Samhain)



Muid Féin

Cuireann *Cuisle* fáilte roimh na heachtrannaigh atá ag lorg dídin agus oibre in Éirinn faoi láthair. Is náir linn an mhoill atá ar an státhóras ag glacadh leo. Bíonn deifir ar an Dáil le rudaí eile: seachtain a raibh na scórtha imirceánach á gcur ó dhoras, vótáladh ar son bhalla-raíocht na tíre sa PFP. Sin ainneoin na geallúna go mbeadh reifreann ann. Tír bheag na hÉireann, thír a d'fhuilaing go truacánta lena linn, is léisean agus lena macasamhail labhairt ar son na dtíortha beaga eile. Níl baol uirthi. Déanfaidh sí maidrín lathaigh di féin. Tá airgead Iúdáis faigte aici.'

(Nollaig)

 **A New Model:** 'Economic growth as the sole model for our society is dated and redundant. It devalues anything which does not lead to an increase in productivity and overvalues everything which leads to an increase in consumption. Through its monotheistic faith in the model of economic growth, western civilisation has dehumanised itself, marginalised large groups of people, and made much of the population subservient to a system over which they have lost control. Evidence suggests that aspects of our (post-)industrial western society are in a state of decay. Rejuvenation will occur only when a new model for society is elaborated and embraced. People must be at the centre of this new model. People, not profit.'

(Eanáir)



An Craiceann 's a Luach

NEAMHGHNIOMH i gcúrsaí cog-aiochta a chleacht Éire ó bunáiodh an Stát. Nuair nár bhaol di ionradh ba leor an neamhghníomh sin. Tír a bhí chomh glórach faoina cuid neodrachta is atá Éirinn, bheadh sí uathu agus is IAR iad: iarsma, iar-IRA. An bhfuil siad sásta iad féin a chur ar ceal? Tá rogha le déanamh. Is cuid den teacht in innmhe é.

Ceist amháin ar cheart dul isteach sa PFP nó nár cheart. Tá an dá thaobh ar an scéal. Más dóigh gur ceart, ná hagraítear gur mór linn an neodracht. Más dóigh nach ceart, déanaimis *gníomh* neodrachta. Agus tuigimis nach ionann neodracht agus neamhghníomh. Neodracht na hÉireann is *non-alignment* agus *non-proliferation* atá ann. Níl sa domhan ar fad ach dornán tíortha a bhfuil airm niúcláiocha acu. Cloíonn tíortha go leor le *non-alignment* agus *non-proliferation* ach ní bhíonn said ag maíomh go glórach as.

Maidir le hÉirinn, is mian léi an

craiceann 's a luach. Sin é is mian le cuid de ghluaiseacht na Poblachta fós. Cuireadh an IRA an gcuid arm uathu agus is IAR iad: iarsma, iar-IRA. An bhfuil siad sásta iad féin a chur ar ceal? Tá rogha le déanamh. Is cuid den teacht in innmhe é.

Deireadh neodrachta agus díchoimisiúnú: is cuid araon iad d'Éire na linne. Is ait an scéal é: milleatú ar thaobh amháin agus dímhileatú ar an taobh eile. Níl ríaltais na hÉireann sásta ligean le hoidhreacht na neodrachta. Agus ar an gcuma chéanna níl an IRA sásta ligean le hoidhreacht na milleatachta.

Neamhghníomh atá á dhéanamh. Neamhghníomh atá déanta ag an IRA le tamall. Staonadh. Ach teastaíonn gníomh. Gníomh díarmála. Agus dá mba ghníomh neodrachta a bhí Poblacht na hÉireann a dhéanamh in aghaidh na harmála go domhanda, bheadh ciall le gníomh díarmála a éileamh ar na treallchogaite sa mbaile. Dá ndéanfaí beart de réir briathar seans go ndéanfaí beart eile de réir bráthar.

Baineann ceist na neodrachta agus na n-arm le cúrsaí flaithiúnaíais,

agus is iad cúrsaí flaithiúnaíais beocheist na hEorpa agus na hÉireann agus athmhúnlú á dhéanamh orthu lenár linn féin. Bhí díospóireacht dá gcuid féin ag na Gearmáinigh faoin ábhar. Deir go leor sa nGearmáin gur laghdú flaithiúnaíais atá san Euro, an t-airgead coiteann. Ach ghlac siad leis mar is dóigh go laghdófar an baol cogaochta san Eoraip dá bharr. Is ionann dá réir sin in aigne na nGearmánach laghdú flaithiúnaíais agus cothú síochána. Sin é cás na hÉireann go díreach ó ghlac an pobal leis an leasú bunreachtá maidir le críocha na Sé Chontae. Agus más cothú síochána atá sa laghdú flaithiúnaíais, luíonn sé le réasún gur ídú síochána atá sa neartú flaithiúnaíais.

Tír atá ag baint tairbhe as Aontas na hEorpa, ní ceart di cloí le neamhghníomh. Is ionann sin agus staonadh. Measann na polaiteoirí gur rud tromchúiseach staonadh ón gcóras daonlathach. Tá rogha le déanamh ag polaiteoirí na hÉireann: a bheith i ngort na dtréan nó a bheith i ngort na dtíortha beaga. Tá rogha le déanamh ag an IRA freisin: láimh láidir nó daonlathas.

Political Adolescence

RECENT DEVELOPMENTS suggest that Ireland is experiencing the growing pains of political adolescence. Two arms of the Republican movement, the Fianna Fáil government in the South, the Provisionals in the North, don't know to which body of opinion they belong.

The South finds itself drinking in the big boys' PFP club, but it continues to stress its military neutrality. In the North, decommissioning spells a step into the adult world, a stark and unexplored place.

Postponing choice has lead to passivity both North and South. The result of passivity in the South

has included a drift towards militarisation. The result of passivity in the North is a drift towards demilitarisation. In midstream a question of consistency arises: are demands to decommission credible coming from members of NATO?

Parties in the Republican tradition both North and South, must make a choice. If Ireland's role in the international community is as partner to world powers, then it must accept that its time of innocence is over. And if all Northern Republicans are to embrace the democratic process, they must accept that their time of violence is over.

A Vertical Man

C'A Vertical Man', a new film-biography of composer Seán Ó Riada, has been awaiting release for almost two years. Negotiations between the producers Screen Ireland and the Ó Riada family now seem close to fruition, and hopes are high for a screening on national television later this year. Specially commissioned recordings of Ó Riada's work run through the film including the original score of *Mise Éire*. John Hughes reports.

TÁ SCANNÁN nua beathaisnéise faoi Sheán Ó Riada réidh le heisintí. Is iad Screen Ireland a rinne an scannán agus is é Barry Mc Govern atá i bpáirt an Riadaigh ann. Cróchnaíodh 'A Vertical Man' i lár na bliana 1998 maraon le dlúthcheirnín de cheol an Riadaigh ach toisc nár fócadh muintir Uí Riada as na cearta ceoil níorbh fhéidir an scannán a thaispeáint go poiblí ná an dlúthcheirnín a chur sna siopáí. D'eagraigh Screen Ireland *séance* príobháideach ag an Dublin Film Festival i 1998 ach níor fachas ó shin é. 'A Vertical Man' ba theideal do cheirnín a d'eisigh Ceirníní Cladaigh sna 70í.

Is faoi *Section 487* a rinneadh an scannán nua. Tugann an scéim sin faoiseamh cánach don té a dhéanann infheistíocht i dtionscnamh scannán-aiochta sa thír seo. Chuir moilleadóireacht Screen Ireland imní ar na hinfheisteoirí áfach. Is é an comhlucht cuntasáiochta Basto Charleton a oibríonn ar son na n-infheisteoirí. Tuigtear dúinn go bhfuil siad ar a seacht ndícheall ag iarraidh ceist na gcearta ceoil a réiteach ionas go mbeidh siad in ann an scannán a chur amach. Tá cainneanna ar siúl idir Basto Charleton agus



dlíodóir mhuintir Uí Riada faoin gceist. Má eiríonn leo margadh a dhéanamh gach seans go mbeidh an scannán seo le feiceáil ar RTÉ sa bhfómhar. Tá suíl an scannán a chur ar fáil ar fhísteip freisin.

Is é ceol an Riadaigh príomhábhar 'A Vertical Man' arna léiriú ag Sir

'D'aimsigh siad rudáí a cuireadh as a riocht agus an ceol á sheinm roimhe seo'

Christopher Swann, fear a bhuaigh duais don chlár faisnéise a rinne sé faoi na Beatles. Is é Nigel Warren Greene a chuir an cheolchoireann le chéile don scannán. Seinneann Greene an *cello* leis an London Philharmonic Orchestra. Bailíodh scoth na gceoltóirí clasaiceacha le chéile ón Bhreatain, as Éirinn agus ó Mheirceá don *orchestra* seo agus is é John McGlynn a bhí ina stiúrthóir orthu.

Chíor Nigel Warren Greene agus Peadar Ó Riada na bunlámhscríbhinní ceoil a bhreac an Riadach. D'aimsigh siad rudáí a cuireadh as a riocht agus an ceol á sheinm roimhe seo. Thuig John McGlynn gur thug bunlámh-scríbhinní

hinn an Riadaigh le fios go mbuaileadh an stiúrthóir cniog leis an *baton* i rith an cheoil. Go dtí seo agus an píosa ceoil seo á sheinnt buailtí an druma mó!

Chonaic *Cuisle* 'A Vertical Man' agus tá an-difríocht idir é agus 'The Blue Note' a rinne Seán De Mórdha do RTÉ

'Tuigtear dúinn go bhfull siad ar a seacht ndícheall ag iarraidh ceist na gcearta ceoil a réiteach'

go luath sna 1980dí. Buntéama an chláir faisnéise sin ná gur theip ar an Riadach mar chumadóir ceoil. Ach dúirt an file Thomas Kinsella; "His work has not been celebrated enough but has been underestimated and concealed by other things."

Tá réimse leathan de cheol an Riadaigh le cloisteáil ar an scannán nua seo: 'Hercules Rex', 'Dux Ferarae' agus 'Triptych' atá bunaithe ar thrí phíosa sa Louvre i bPáras na Fraince. Bhí an Riadach ag iarraidh dearmad a dhéanamh ar feadh tamaill ar ceol Clasaiceach na hEorpa. Dúirt sé: "European Classical music has been painted into a corner and I see no future for it unless it adapts to modern life."

Sna 1960dí bhailigh sé scoth na gceoltóirí tradisiúnta le chéile: Ceol-tóirí Chualann. Ach oiread le bannaí jazz Dixieland thug sé seans don lucht éis-teachta ceoltóir aonair a chloisteáil. Chuir sé giarsaí sa mbreis faoi urlár an tí i nGalloping Green i mBaile Átha Cliath ar mhaithle leis na damhsóirí a thiocadh chuig na seisiún a bhíodh ag Ceoltóirí Chualann ann. Maidir leis an tréimhse a chaith an Riadach i bhfeighil Cheoltóirí Chualann sna 1960dí is rispéisíúil gur dhúirt sé: "I could not see any future for Ceoltóirí Chualann and that is why I disbanded them."

Cuirtear béim ar aifrinn éagsúla an Riadaigh sa scannán, Aifreann Requiem De Valera ach go háirithe. Is trua nach bhfuil foghraíocht na Gaeilge ag an gcór profaistiúnta a chan cuij den Requiem sin ar an scannán.

Is trua freisin go bhfuil moill chomh mór sin ar 'A Vertical Man'. Mura ndéantar an scannán a thaispeáint go luath, sciobfar chun siúil cuij de ghile na húire a bhaineann le chéad thaispeáint scannáin ar bith. Ní raibh Screen Ireland sásta labhairt le *Cuisle* faoin scéal.

Tá mé i ngrá leat, a Nóra

Seachtain na
Gaeilge
10-17 March
2000

Seachtain na Gaeilge (10 – 17 March) is a chance for all our would-love-to-speak Irish friends to get it together and say 'pionta Guinness más é do thoil é', 'déan deifir, a amadáin', or 'tá mé i ngrá leat, a Nóra'. It's a solemn occasion so watch out for earnest faces on the television reports. Here's a spleáchadh at the Dublin imeachláí. Bígí ann!



Áine Uí Cheallaigh

Dé hAoine (10)

- 11.45 rn: Faiche Stiofáin:
'Crann darach na mílaoise
don Ghaeilge' á chur ag an
Aire Stáit Éamon Ó Cuív
- 9.00 in: 6 Sráid Fhearchair:
Ceol le Conor Byrne, Pól
Ó Seachnasaigh agus
Gavin Ralston

Dé Sathairn (11)

- 2.00 in Sráid Ghráftón:
Spraoi Sráide le Caitríona
Ní Threasáigh, Maolfosa

Ní Chléirigh agus Colm de
Bhaldraithe

- 4.00 in Caifé 3D Sráid Dawson:
Taispeántas ealaíne na
nGaelscoileanna

Dé Domhnaigh (12)

- 3.00 in Smithfield, Baile Átha
Cliath 7: Ceardlann Seite
le Séamus Ó Méaloíd
- 9.00 in 6 Sráid Fhearchair:
Ceol agus scéalaíocht le
Joy Beatty agus Séamus
Mac Annaidh

Dé Luain (13)

- 8.30 in 6 Sráid Fhearchair:
Tráth na gCeist Bord
(ceathrar sa bhfoireann ar
£10)

Dé Máirt (14)

- 9.00 in 6 Sráid Fhearchair:
Oíche Philíochta le Colm
Breathnach, Celia de
Fréine, Cathail Póirtéir,
Aifric Mac Aodha

Dé Céadaoin (15)

- 8.30 in Smithfield:
Áine Uí Cheallaigh,
Johnny Mháirtín Learáí,
Caitlín Ní Dhomhnaill,
Eibhlís Ní Chonghaile
Liam Mac Con Iomaire

Déardaoin (16)

- 9.00 in Castle Inn (in aice le hArd-Eaglais Chríost):
SULT – ceol agus dioscó

Dé hAoine (17ú)

- 9.30 in 6 Sráid Fhearchair:
Bronnadh Gradam na
Seachtaíne



Conor Byrne

Athmachnamh ar Scéim Labhairt na Gaeilge

Tá deimhnithe ag an Aire Stáit, Éamon Ó Cuív, go ndéanfar athscrúdú ar Scéim Labhairt na Gaeilge féachaint conas í a leathnú amach do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Dúirt Ó Cuív go ndéanfar amhlaidh roimh dheireadh téarma an Rialtais ach go mbeadh gá le reachtaiocht nua chun an moladh a chur i gcrích agus go bhfuil túis áite á thabhairt aige don Acht Teangan. Tuairisc le Roibeard Ó hEartáin.

Fé láthair tá geall le £525,000 á chaithreamh ag an Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán ar Scéim Labhairt na Gaeilge, scéim atá teoranta do na ceantracha Gaeltachta. Is méadú suntasach seo ar chaiteachas na bliana roimhe nuair a bhí an deontas ceangailte le líon an teaghláigh agus tá méadú fá sheacht ón uair a bunaíodh é i 1984, tráth go dtugtaí Scéim na nDeich bPunt air.

Bheadh impleachtaí ollmhóra ag leathnú na scéime, ní hamháin ar staid na Gaeilge sa Stát, ach ar chaiteachas, foirne agus obair na Roinne. De réir Daonáireamh '96 tá 61,035 cainteoir Gaeilge sa

Ghaeltacht agus 1,369,170 duine eile a bhaineann úsáid aisti gach lá lasmuigh den Ghaeltacht.

Samhlaigh an obair breise a bheadh i gceist le riadaradh na scéime ar bhonn náisiúnta le méadú fá fishe ar obair na gcigírí agus suas le £10m punt caiteachas in aghaidh na bliana.

Agus níl Gaeil na sé chontae san áireamh anseo gan trácht orthu siúd a spreagfaí chun an teanga a labhairt de bharr leathnú na scéime.

Pé rud a thiteann amach beidh Gaeil ó cheann ceann na tíre ag faire le spéis ar an athbhreithniú seo agus conas mar a roinntídh an Aire Stáit 'cothrom na fénne' amach anseo.

De réir na bhfigíúirí tá árdú ar líon na ndaoine a chuir láimh ina mbás féin. Síleann na Samaritans go bhfuil an baol ann go ndéanfaidh daoine áirithe, *suicide risks* – tá an nath sin ceadaithe – aithris ar fhéinmharfóir nuair nach ndéantear an tuairisciú ceart ar a bhás – *copycat suicides*.

Sin fáth ar foilsíodh *Guidelines on Portrayal of Suicide*. Tugtar le fios i leabhar na Samaritans gurbh é 421 líon na bhfear a chuir láimh ina mbás féin i 1998. 83 líon na mban. "Any discussion on this subject should be clearly focussed on the fact that men

are killing themselves in ever greater numbers," arsa John Waters (*Irish Times* 16ú Feabhra 1999). Níl aon trácht ar an ngné seo den scéal i *Media Guidelines on Portrayal of Suicide*.

Cé mhéad den IRA atá gay?

Ina measc siúd atá le héirí as an saol poiblí i Meiriceá i mbliana, seachas Bill Clinton, tá An Cairdinéal John O'Connor. Tá sé ina ardeaspag i Nua Eabhrac le 16 bliana.

Ceann des na rudaí deireanacha atá beartaithe ag an gCairdinéal ná móirshiúil Lá Fhéile Pádraig a bheanú ó tháirseach ardteampall Phádraig i New York. Dob iomaí uair a dhein sé amhlaidh, an t-am a raibh buón des na Provos sa mhórshiúil, mar shampla, agus fáilte mhór rompu. Mórshiúil caithréimeach atá san ócáid seo atá ar bun ó ré Napper Tandy is Páirlimint Ghrattan. Na mílte pólíní is lucht múchta tinte ag máirseáil. Fir mhóra gléasta ar nós sean-reigimintí arm Shasana, iad ag seinn cheol na hAlban is ag ligint ortha gur fíorGhaelach an mhaise dóibh é.

Tá ana-thionchar ag an gCairdinéal John O'Connor ar riadaradh na máirseála. Agus bliain in ndiaidh a chéile diúltáitear cead don ILGO (Irish Lesbian and Gay Organization) a bheith páirteach san ócáid. Bhí náire ar go leor an t-am ar iontaigh lucht riarthá an mhórshiúil a ndroim le maor na cathrach David Dinkins agus é ag dul thar an ardán toisc gur thug sé tacaíocht don ILGO. Cúpla focal ón gCairdinéal a leigheasfadh an scéal seo.

A Chairde,

Tagraím anseo don alt ar chúrsaí Gaelainne i gCorca Dhuibhne in eagrán mí Feabhra. Is fíor nár chualathas mórán le déanaí ar obair an Choiste Chomhairleach a bunaíodh anuraidh chun pleán teangan a bheartú do Ghaeltachtaí na Mumhan. Ní chialláionn san nach bhfuil obair an choiste ag dul ar aghaidh.

Tá an coiste ag diriú ar staid na Gaeilge i measc phobail na Gaeltachta ag leibhéal an teallaigh, na scoile agus an phobail. Ní dhéanfar a leithéid thar oíche. Próiseas forásach atá i gceist.

Chímid an obair seo mar chuid den ionchur a bheidh againn i gCoimisiún na Gaeltachta a d'fhogair an Aire Éamon Ó Cuív le déanaí.

Le buíochas,
Máire Úí Shithigh.

Media Guidelines on Portrayal of Suicide



Labhrás Hunt

Tugann an leabhrán seo leis na Samaritans staitiscí faoin líon daoine a chuir láimh ina mbás féin sa bhliain 1998 sa Saorstát agus sa Tuaisceart.

Molann sé do na meáin bheith tuisceannach ina gcuid tuairisci. Gan nathanna cosúil le 'successful suicide attempt' agus 'suicide-prone person' a úsáid. Tá moltaí ann faoi gach gné de thuairisciú an fhéinmharaithe.

Is cuimhin liom féin agus seo rud a chonaic mé le mo dhá shúil. Fear a bhí ina sheasamh ar dhíon tí trí urlár i gceartlár chathair Copenhagen. É ar thí é féin a chaithreamh anuas, na pólíní ag iarraidh é a mhealladh. Slua móir ag bailiú sa tsráid, muid ag glaoch air 'caith léim! caith léim!' agus ag magadh faoi. Ar deireadh thiar tháinig sé ar ais ar bhealach a réasúin. Tá mé cinnte gur i ngeall ar an magadh a fuair sé greim arís ar an réalachas.

Red Priest

AN SAGART RUA an leasainm a bhí ar Antonio Vivaldi agus is é an imreoir don baroque ensemble a bheas ag déanamh thuras na hÉireann i rith na miosa faoi chomaoineadh Music Network. Piers Adams (*recorder*), Julia Bishop (veidhlín), Julian Rhodes (cruitchorda) agus Angela East atá i Red Priest. Is ar ghnáisce Phiers Adams ar an *recorder* atá eol Red Priest bunaithe cuid inbheithe. *Priest on the Run* is teideal don CD atá acu. "Not so much reconstruction as total re-interpretation... they are sure to introduce a new audience to baroque music" (Early Music Today). Beidh Red Priest ag casadh sna hÁiteacha seo a leanas: Dé la Aoine (10ú) i nDroichead; Dé Sathairn (11ú) Béal Feirste; Dé Luain (13ú) sa gClochán; Dé Máirt (14ú) i Leitir Ceanaimh; Dé Céadaoin (15ú) i Newtownabbey; Déardaoine (16ú) i mBennachar;



Dé Sathairn (18ú) i nDún Dealgaine; Dé Domhnaigh (19ú) i Manorhamilton; Dé Luain (20ú) sa Muileann gGearr; Dé Máirt (21ú) sa Ros Nua; Dé Céadaoin (22ú) i mBaile Átha Cliath. Mioneolas smaipéir aitiúla.

Ollscoil na hÉireann, Corcaigh



Cúrsa Dioplóma sna hEalaíona (An Ghaeilge Fheidhmeach) 2000-2002

- Cúrsa páirtaimseartha dhá bhliain
- Fáiltítear roimh mhic léinn fochéime, iarchéime agus aibí.
- Is é príomhaidhm an chúrsa oiliúint sa Ghaeilge a chur ar fáil a chuirfidh ar chumas na mac léinn a ngnó gairmiúil a chur i gcríoch go héifeachtach trí mheán na Gaeilge.
- Costas Laghdaithe: £300 in aghaidh na bliana.

Eolas breise

Oifig na Gaeilge Labhartha
Áras Uí Rathaille

Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

Gúthán: 021-903259, Facs: 021-903329, Post L:
G.Lab@ucc.ie

Bosca na Cúis


IS BEAG faoin gcúis i gCraobh míosa seo, ach más mian lena cúise féin a scríobh, a léitheoidh seo thíos tacar focal a bheas cíort. Lánchead agat féin na bráth sholáthar.

Béaloideas Athbhéaloideas

Nábreathar
Buanú Gaeltacht
Tábhachtach Géilleadh Seo
Creolmeadh Seanchaí De
Lofa Dúchas Leabhar nua
deas Sean-nós Onóir De
larratas Olreachtas Bua
Focal Saibhreas Líofa Fa
Athréimniú Galltacht Deireadh
Seanfhocal Dea-mhéin Tús
Scoil Muintir na hÁite Bean
Baile Átha Cliath Máire
Máirtín Breandán Ionradh
Athaontú Díbirt Cosc Cu
Bunreacht Failli Stríapa
Leatrom Gnás Óráid Spreag
Gangaid Feis An Cló Rómha
Mise le meas File Oidhre
Bád Bán Béaloideas Rang

Body in Conquered Space


Taispeántas gríanghrafnna le John R. Johnsen sa Galway Arts Centre is ea *Body in Conquered Space*. Beidh an taispeántas ar oscailt go dtí an 9ú lá Aibreán.



**Os cionn 800
foghlaimeoirí i
gCorcaigh**

A black and white photograph showing a group of people gathered around a table, possibly in a classroom or library setting, looking at documents or maps.

LÍON NA MAC LÉINN



Ruiséalach. Glacann sé leis gur mhaith an rud figiúirí cruinne a sholáthar amach anseo.

Daisy Bates

Elizabeth Monkhouse anus

Emmet Arrigan

Leagan Gaeilge le Ciardha Ní Mháirtín (An Gúm 1999)

I NDIAIDH AN GHORTA MHÓIR
chroch Daisy Dwyer a scolta ar
comhairle a seanmhathár agus
chuaign go dtí an Astráil. Phós sí faoi
dhó ach ba bheag rath a bhí ar
cheachtar den dá phósadh. Tháinig

Guth ar Fán

AS FEARANN IDR CORCAIGH
agus Magh Chromtha do Mháire
Ni Chéileachair agus is as Gill na
Martra da muintir. Muinteoir i
Maire agus seo i an chead
cheirnín aici. Casann
Maire a cuid
amhráin ag
feilte na tire.
Ceírnin aoibhinn
ó dhuichi
Chorcái is ea
Guth ar Fán, idir
Ghaeilge agus
Bhéarla, shean
agus nua air.
Tabhair eisteacht: cuirfear cluain
ort.

Guth ar fán



sí ar ais go hÉirinn agus as sin go Sasana áit ar fhoghlaam sí an iriseoirreacht. Is ina hiriseoir leis an *Times* a d'fhill sí ar an Astráil, jab le déanamh aici faoi na líomhaintí go rabhthas ag caitheamh go crúálach leis na bundúchasaigh in iarthuaisceart na hAstráile. Chaith Daisy an chuid eile dá saol fada nach mór ina measc.

Is scéal laochais é seo, brí agus
fuinneamh san inseacht. Is briseadh
croí an chaoi ar caitheadh leis na
bundúchasaigh. Ba mheasa an
fhírinne ná na líomhaintí. Bhí na
mílte bliain caite acu faoin spéir gan
aon teagmháil leis
an gcine geal. Ní
raibh ceachtar
den dá dream
in ann aon
tuiscint a bhaint
dá chéile ach is
iad na bun-
dhúchasaigh a
bhí thóis leis.

Chabhráigh
Daisy leo.
D'fhóghlam sí a
dteanga agus ba
churadh agus
chosantóir dóibh í
in aghaidh an
leatroma. Ghlac
siad léi agus chuir



siad a gcuid iontaoibhe inti. Bhí col ag na daoine geala léi ach bhronn Rí Seoirse V gradam uirthi.

Maidin agus í amuigh faoin tír dhúisigh Daisy ina puball. Bhí an fásach agus na tomacha trí thine, an spéir ar dhath oráiste agus na hainmhithe ag teitheadh: "Ní raibh sí buartha fíorthaí fein ach faoin lean mór nótáí a bhí tiomsaithe aici i gcaitheamh na mblianta faoin teagmháil a bhí aici leis na bundúchasaigh": ba lú meas Daisy ar a saol féin ná a mian go mbainfeadh lucht a léite tairbhe as a cuid scribhneoireachta.





Aberystwyth 2000

 This year Aberystwyth hosts the 21st Celtic Film and Television Festival from April 5th – 8th. Travelling to Aberystwyth from Ireland you'll arrive by boat in Holyhead or Fishguard. The Holyhead to Aberystwyth train passes through Shrewsbury, so avoid public transport and arrange to drive for the second leg. Aberystwyth lies on the shore of Cardigan bay in West Wales where the rivers Rheidol and Ystwyth meet. Flanked by steep hills it is home to a population of about 10,000, houses the Welsh national library, and is an important centre of Celtic Studies. Aberystwyth today is an ethnic and linguistic kaleidoscope. The behatted Victorian gentleman still wears tweeds in main street, while shoppers greet each other loudly in Welsh, hippies hold their dogs on leash and a woman in a sari sells *Big Issues*. By night the air tastes of fish and chips, Ffelfoel bitter and curry from *The Light of Asia*. An old swingers' band plays Rummers at Trelechan bridge. On a clear day the seafront affords a view of the Llyn peninsula arching round in the distant north. Once in a very blue moon the Wicklow mountains loom to the east. So who's going to Aberystwyth?

Seo hiad na cláracha Éireannacha atá ar ghearrliosta ghradaim na Féile

Beochan:
Guy's Dog Full Moon Films do RTÉ

Faisnéis:
A Year 'til Sunday Power Pictures

Gearrdráma:
Deich gCoisceim Zanzibar Productions
Dillusc Kibosh Ltd
The Breakfast Irish Stage and Screen do RTÉ

Scannán:
A Love Divided Parallel Film Productions
Le Dernier Met Fastnet Films

Sraith Drámaíochta:
Eureka Street Euphoria Films do BBC Northern Ireland i gcomhar le RTÉ

Oideachas:
Study Ireland: Poetry 'Growing Up' BBC Northern Ireland

Daoine Óga/Páistí:
A Score at Bedtime with Podge and Rodge Double Z Productions do RTÉ

An Cean 'Ceilteach':
Amhrán na Trá Báine Raidió na Gaeltachta

A Taste of Drumcree BBC Radio Ulster

An tOireachas RTÉ

Caitlin Maude Raidió na Gaeltachta

The Century Speaks BBC Radio Ulster

Graham Írisceoiríachta

Mairéad Nic Seaghain Raidió na Gaeltachta

Power Pictures

Cumhacht nua sa scannánaíocht Éireannach

Is mór an rud ainmniúcháin amháin a fháil i gcomhair duais mhór idirnáisiúnta, ach dhá ainmniúcháin sa rannóg chéanna an bhliain chéanna sin éacht agus aitheantas do shaothar Power Pictures a léirigh 'A Year 'Til Sunday' agus 'Michael Hartnett: Muince an Dreoilín'. Labhair *Cuisle* le David Power: céan bua atá acu?

TÁ AN TÁDHLINN, sin an méid. Níl aon fhoirmle speisialta againn, arsa David Power, bunaitheoir Power Pictures. Is deacair liom seo a chreidiúint. Leanann sé lena theoríic: 'Bhí an t-ádh linn gur bhuaigh Gaillimh Craobh na hÉireann, murach sin ní éireodh leath chomh maith le 'A Year 'Til Sunday', agus bhí an t-ádh dearg linn go raibh ábhar iontach againn agus scéal maith ag Michael Hartnett'. Is deacair sin a chreidiúint. Seo comhlucht óg atá lonnaithe in Iarthar na hÉireann atá ag táirgiú cuid de na cláracha faisnéise is snasta agus is taitneamhádá bhfuil le feiceáil againn. Bheadh orm a thuilleadh tochailte a dhéanamh. Ach ar dtús beagán staire....

Bhunaigh David Power agus a dheartháir Paul an comhlacht seo i

1995, ach níor thosaigh siad ag trádáil i ndáiríre go dtí 1997.



David Power

Tá Paul i Nua Eabhrac agus is é David atá i mbun an ghnaithe. Baile Átha Cliathach, ard slachtnhar atá beagán le cois tríocha bliain é David, ach tá stuaim thar a aois ann. I 1995 rinne mé cúrsa Eorpach EAVE. Is scéim MEDIA de chuid an Aontais Eorpaigh é seo. Bhí mé 25 agus ba mé an duine ab óige ar an gcúrsa. Bhí mé ag iarraidh mórsannán a fhorbairt agus cé nár tharla sin fós d'éirigh liom bualadh le cuid mhaith daoine tábhachtacha. Is é an rud fiúntach faoi chúrsa mar seo a dhéanamh ná go dtuigeann tú an meon a bhíonn ag ceannaitheoirí agus éiríonn leat tuiscint a fháil ar chéard a bhíonn ó lucht an airgid'. Leide eile gan dabht!

Ba é 'Moon on my Back' an chéad léiriú mór a rinne David, scannán faoin bhfile Pat Tierney a bhí ag fáil bháis le hAIDS. Bhí sé i mbun an chomhluchta JDM ag an am. Bhuaigh an scannán faisnéise seo duaiseanna idirnáisiúnta.

Ba é an chéad scannán a léirigh Power Pictures ná 'China: From here to the End of the Earth' faoi

lánúinacha a bhí ag iarraidh páistí Síneacha a uchtú. 'Cheap muid go dtógfadh sé thart ar ocht mí an clár seo a dhéanamh', arsa David, 'ach ar deireadh bhíomar 26 mí ina bhun'. Ach b'fhiú an tairbhe an trioblóid. Thug an clár léargas ar an gcrá croí a bhain le bheith ag troid in aghaidh Rialtas agus chultúr na Síne. Bhain



Síne: From Here to the End of the Earth

sé cáil amach. Bhí an 'chumhacht' á ghiniúint....

Deartháireacha ab ábhar don chéad tionscnamh eile 'Three Brothers', clár faisnéise faoin na deartháireacha Quinn: Aidan, aisteoir clúiteach, Declan, ceamaradóir, agus Paul, scríbhneoir agus stiúrthóir, agus an chaoi ar éirigh leis an triúr seo de bhunú Éireannach a bheith ag obair le chéile ar an scannán 'This is My Father'. Muna bhfuil dul amú orm tá pátrún beag ag teacht chun cinn anseo. Cláracha aonair, le scéalta maithe agus pearsain láidre. Leide eile...


Thart ar an am seo chuaigh David chun cainte le Pat Comer, stiúrthóir an chláir 'A Year 'Til Sunday'. Leanann an scannán seo foireann

peile na Gaillimhe agus iad i mbun traenála san fhuacht agus sa dorchadas go dtí go dtéann siad chomh fada le craobh na hÉireann sa pheil. Scéal lán paisean agus diograis, agus... leis an stiúrthóir ar phainéal na n-imreoirí, an duine ceart san áit cheart. Dár ndóigh tá an deireadh cuí leis an scannán seo nó bhuaigh Gaillimh an chraobh. Sárphiosa peile, agus scannán mar thaifead ar an aistear anróiteach.

Ba é an file Michael Hartnett nach maireann ábhar an scannáin faisnéise eile a bhí á léiriú ag Power Pictures 'Michael Hartnett: Muince an Dreoilín'. Pat Collins a stiúraigh an clár seo a thug léargas anphearsanta ar shaol an fhile úd. Leide eile... róghnaigh ábhar daonna agus oibrigh le stiúrthóirí an bhfuil suim faoi leith acu san ábhar...mmm, tá an cur chuige ag éirí níos soiléire....

An saothar is déanaí leis an gcomhlucht ná 'The Green, Green Grass of Home', sraith sé chlár faoi fhir agus mhná grinn na hÉireann agus iad ar cuairt chuig a mbailte dúchais... ábhar taitneamhach seachas faisnéis leadránach... agus deir David nach raibh ann ach an tád!

Séanann David Power go bhfuil scil nó saineolas aige sa réimse scannán seo. 'Níor cheap mise gurbh ábhar iontais é go bhfuair comhlacht neamhspleách Éireannach dhá ainmniúchán sa bhFéile Cheilteach. Fuaireamar carachtair suimiúla agus lucht taifeadta a bhí ábalta don ábhar. Níl a fhios ag éinne céin chaoi a mbeidh an scéal faoi cheann cheithre nó cúig mhí. Níl draíocht ná barántas ag baint le tionscal na teilifise. Ní rialacha dubha agus bána atá ann. Ní féidir ach iarracht a dhéanamh teacht ar smaointe a mbeidh tóir ag an bpobal orthu, an scéal a inseacht, agus a bheith firinneach.'



Edith's Finger: Gearrscannán Breathnach le Fiction Factory/Easy Life Films

Dídean na hOíche in Aberystwyth

FAOIN TUATH

Brynglas Farm
Chancery
00 44 1970 612799

Ael y Bryn
Capel Bangor
00 44 0970 880681

Pen y Cefn

Bow Street
00 44 1970 828790

Pearhos Country Club
Llanrhystud
00 44 1974 202998

Mount Pleasant
Devil's Bridge

00 44 1970 890219

Hafod Arms
Devil's Bridge
00 44 1970 898232

Gorlle Burrow Hotel
Pontnewydd
00 44 1970 890230

Dyffryn Castell Hotel
Pontnewydd
00 44 1970 890237

LÁR AN BHAILLE

Groves
00 44 1970 617623

Brendan
00 44 1970 612252

Bryn y Don
00 44 1970 612011

Helmsman
00 44 1970 624132

Savannah

00 44 1970 615131

Southgate Hotel
00 44 1970 611550

FREISIN

Aberystwyth Tourist Information Centre
00 44 1970 612125



NÍ RÓSHÁSTA a bhí Mairéad Nic Seaghain ag obair sa mbanc. Níor fheil sé di. Nuair a d'íarr cara léi cúnamh a thabhairt di ar feadh cúpla lá ag obair do Raidió na Gaeltachta dúirt sí go ndéanfad agus fáilte. Rinne sí dhá lá oibre dóibh i 1976, bhí 'dúil' aice ann, agus dúirt daoine léi go raibh sí go maith chuiige. Níorbh fhada gur fhág sí srianta an bhainc ina diaidh agus thug sí faoin obair raidió go lánaimseartha.

Is mór an t-athrú a chonaic sí ag teacht ar an stáisiún agus ar a cuid oibre sa dá bhliain is fiche atá caite aici le Raidió na Gaeltachta. "Is ag léamh cinnlíníte nuachta a bhíodh mé an t-am sin", a deir sí. 'Chaith mé tamall ag obair ar chláraча irise ar nós Cas

Ceilnín, Clár na bhFógraí agus ag léiriú cláracha aifrin. Ach le cúig bhliana déag tá mé ag plé le nuacht áitiúil."

Is iomaí cor a tháinig sa saol san am sin agus is iomaí athrú ar an réimse oibre a bhíonn idir lámha ag Mairéad agus a cuid comhleacaithe sa Raidió. "Ní raibh Údarás na Gaeltachta ar bith ann an t-am sin. Ní bhíodh orainn tuairisciú a dhéanamh ar chruinnithe na Comhairle Contae, na gCoistí gairmoideachais agus na mBord Sláinte," a deir sí. "Bíonn brú i bhfad níos mó anois ann. Bhíodh cinnlíníte ag a 12 agus a haon, ag a seacht is a naoi. Ach anois tá clár na maidne ann, bíonn orthu éirí níos luaithe, agus bíonn cinnlíníte i rith an lae go dtí a deich a chlog. Bíonn agallaimh mar chuid de na



Bean Phobail, Máthair agus Iriseoir

Tá Mairéad Nic Seaghain, reactaire clár de chuid Raidió na Gaeltachta i dTír Chonaill, ainmnithe i gcomhair duais iriseireachta de chuid na Féile Scannán, Teilifís agus Raidió Ceilteacha. Labhair Trevor Ó Clochartaigh léi faoina saol agus saothar.

cláracha nuachta i gcónai." Ach níor chaill Mairéad an 'dúil mhillteanach' san obair ná níor chaill sí radharc ar an fheidhm shóisialta agus chultúrtha a bhain leis an obair a bhí le déanamh aici.

"Tá Raidió na Gaeltachta ag déanamh rud nach bhfuil aon duine eile a dhéanamh," ar sí go mórtasach, "tá siad ag craoladh go hiomlán tré Ghaeilge. Tá siad ag tabhairt ardán do lucht na

Gaeilge agus ag coinneáil na Gaeilge beo le firinne." Ach céard atá suntasach faoi Raidió na Gaeltachta sa chur chuiige atá acu? "Táimid ag conaí i measc an phobail. Is as Teileann mé féin, agus tá daoine ag obair linn as áiteacha éagsúla sa Gaeltacht. Tá aithne againn ar an cheantar agus ar na daoine atá ann. Uaireanta tig duine inteacht chugat le scéala. Bíonn siad níos oscailte nuair a bhíonn

aithne acu ort. Raidió s'acu féin atá ann."

Ach an bhfuil aon tréith faoi leith a theastaíonn ó dhuine atá ag tabhairt faoin gcineál seo oibre? 'Cop on!' a deir Mairéad de racht gáire, 'cén Ghaeilge a bheadh ar sin? A bheith ciallmhar is céillí is dócha. Níor mhór foighid a bheith agat agus a bheith ábalta éisteacht gan do thuairimí a bhrú ar dhaoine fiú mun aontaontú leo."

Ní hamháin gur iriseoir í Mairéad a léirigh gairmiúlacht agus paisean dá cuid oibre thar na blianta, ach is máthair agus bean tí í chomh maith. Tá sí pósta leis an nGarda Seosamh Ó Coirbín as Conamara agus tá beirt chlainne orthu, Rónán (14)

agus Ailbhe (11). "Bíonn tú ar shiúl luath ar maidin agus mall tráthnóna. Ach ag an am

céanna tá gnáth cúramí teaghlacha ort. Tá mo mhuintirise i dTeileann agus ní thig leofa siúd cuidíú a thabhairt domhá thagan scéala tobann. Tá na fir ag tabhairt níos mó cuidithe sa teach sa lá atá inniu ann, ach tá an cúram is mó ar an bhean. Tá sé cosúil le bheith ag déanamh dhá lá oibre".

Níl aon éirí in airde ar Mhairéad maidir leis an ainmniúchán sa bhFéile. 'Fuair Raidió na Gaeltachta ainmniúchán ón ghiúré náisiúnta i gcomhair trí dhuais i mbliana agus is rud iontach é sin. Tá muid ag treabhadh linn thar na blianta. An pobal a bheith sásta éisteacht leat, sin an gradam is mó domhsa.'

Annála Chruach Phádraig

Tá beagán cloch arís agam. Ní clocha páidíne iad. Clocha caim seans. Scarfaidh muid iad mar chlocha. B'fhearr é ná scaradh na gcompánach. Is fada ó scaradh iad siúd. Fiche bliain dom ar Chruach Phádraig gur thráigh na tuilte. Seo cuid den scéal

TÁ AN-DUL chun cinn déanta ag seandáilaithe in iarthar na hÉireann agus iad ag fiosrú an chultúir a bhí i réim ann sular báthadh an talmh cois cósta i dtús na haoise seo caite nuair ab éigean 70% de phobal na háite a athlonnú faoin thír. Is beag cáipéis scríofa a tháinig slán ó na tuilte, agus dar ndóigh, formhór an eolais a bhí ar na ríomhairí, milleadh é ná fágadh é sa riocht is go bhfuil sé doléite ó shin. Le deireanas, áfach, frítheadh blúirí de pháipéirí agus de leabhra an ama sin ar sheanbhád seoil a thriomaigh ar Chruach Phádraig le linn na dtuilte. *Annála Chruach Phádraig* atá á bhaisteadh orthu.

Bhí beagán leabhar ar bord an bháid seoil. *Fáinne an Lae* ab ainm do cheann díobh. Níl againn di sin ach billeoga strae. Gnéithe de stair na foilsitheoirreachta a bhí i bhFáinne an Lae is cosúil. Leabhar deireadh céid a bhí ann, ach de bharr dhóibháil an uisce ní léir cé acu an naoú céad déag nó an fichiú céad é:

'Gheal léas nua faoi dheireadh na bliana 1997, mar a bheadh túis adhainte . . . ar thairseach ré iúire . . . Ba thonn réabhlóideach oideachais agus shóisialta í.'

Augus:

'Ní raibh pobal . . . riamh ann a raibh an acmhainn agus an fonn léitheoirreachta aige in éineacht chun aon nuachtán Gaeilge, ná dhátheangach féin, a chothú mar fhiontar neamhspleách tráchtála'.

Chomh maith leis an mbeagán leabhar tá brosna ó irisí na linne. Is léir go raibh idir irisí Gaeilge agus Béarla ann ag an am. Cuimse

ba theideal do cheann díobh. Tréadlitir is cosúil. Seo sliocht a bhfuil dealramh aige le fabhailscéal:

' . . . ná féach do neart le tarbh muna bhfuil an t-iarann aigne ionat agus spreac i do ghéaga. Tá bealaí eile ann le mart a cheansú. Suigh ar an ngeata. Bain torann as an ngeata. Caith spalla leis an tarbh. Tuirsigh é. Fan. Tabharfaidh sé ruathar. Ligfidh sé búir. Agus nuair a bheas tormán na gcríb i ngar duit, oscail an geata: tiocfaidh sé amach uaithd féin'.

*Bomhar (?) ab ainm d'iris eile. Tá leide faoi mheath na Gaeilge sa sliocht seo leanas as *Bomhar*:*

'Tá oiread den Ghaeilge ina Béarla anois, ná craiceann Béarla uirthi 's gur ceist an teanga bheo ar chor ar bith i. Bhí 'iarracht deireadh díg' - a last ditch bid - dona go leor, ach anois tá 'tobar arán capall' ann - a well bred horse.'

Iris intleachtúil dhátheangach a bhí i mBomhar de réir dealraimh:

'Much of the appeal of Gaelic literature lies in the use of language. However, as the rhetoric fades, characters often seem to be at a loose end, a problem conveniently solved by eliminating them'.

Baineann an bháire seo a leanas leis na meáin chumarsáide freisin. Is léir gur scrióbhadh é tamall tar éis na dtuilte. Sliocht as colún i bpáipéar náisiúnta is dóigh:

" . . . further written evidence to survive rising seas in Ireland was discovered in a child's plastic lunchbox on the site of a television company this week. It suggests that Irish was still spoken locally at the time while indicating that efforts to mediatise it



gradually petered out. The new evidence is a letter. It may have been written during a war of words between a writer and a struggling broadcast service. It runs:

'Introspection and further lowering of standards is unacceptable. I refuse to compromise my position, and feel the honourable course of action is to terminate our agreement . . .'

This vestige of our past is strikingly similar to voices in the wilderness of Gaelic literature in the seventeenth and eighteenth centuries. But why was this idealist writing to his peers in English? Can it be that Irish was already restricted to preschool rhymes, roadsigns and recordsleeves?'

Ní dríodar leabhra agus irisí amháin atá sna hAnnála. Tá smut de láimhscríbhinn ná dhó ann freisin. Ceann díobh, is cosúil gur cnuasach seanfhocla a bhí ann. Ar leathanach amháin tá solaoídí de ghaois ár sinsear: 'Filleann an feallaire ar an bhfeall', 'Ná bain an tua as lámha an tsaoir'. Agus dánfhocal: 'Bíonn meas ar fhearr an ghaisce 's ag daoine ar a dtuairim féin, ach níl ionainn ach cacannaí bó ag greamú do rotháí an tsaoil'.

Annála Chruach Phádraig: sin a bhfuil againn ó thíos na mílaoise. Cá bhfios nach spreagfaidh siad glúin eile chun pinn?

(Clocha reatha agus ní thíos sraithe atá san alt seo)

*'Johnny don't go to Ballincollig
Where you always get so disappointed
Johnny don't go: stay in town'*

'Brilliant or W



Ex-Nomos singer John Spillane is working on 'Will We Be Brilliant Or What?' a new album of his own songs inspired by cherry trees, Prince's Street and the golden fish on Shandon tower. *Cuise* and John journeyed together on an odyssey touched by après-session melancholy and a feeling that something strange is about to happen. . . .


VOLKSWAGON PASSAT 87 G ba chúis leis. Rinne sí deatach i mBaile Bhuirne. 'I can't understand it,' arsa Vincent Milnes go brónach. 'Is dóigh gur cheart dom stopadh níos túisce,' arsa John Spillane. I Luimneach a bhí súil ag *Cuise* leis. Ní raibh neart air ach dul go Corcaigh.

Chomhairigh muid 348 leoráí idir Gort Inse Guaire agus Cora Chaitlín, d'fhág muid an carr sa tSionainn

agus d'eitil muid an chuid eile den bhealach. Bhí John romhainn san Imperial ar an South Mall. Tá sé ag comhoibriú le Grapevine Records fé láthair agus gach súil aige conradh a shíneadh. "Tá mé ag déanamh albam nua le Declan Sinnott. Táimid ag súil go dtiocfaidh sé amach roimh an samhradh, san Aibreán b'fhéidir. Ceoltóir mór le rá is ea Declan. Bhí sé le Horslips fadó. Bhí sé ag seinnt



hat?'



le Jimmy McCarthy. Bhí an grúpa Southpaw aige agus bhí sé le Moving Hearts. Tá sé ag déanamh *gigs* liomsa fé láthair. Thugamar isteach Brian Kennedy ag déanamh *backing vocals* ar chuid de na hamhráin. Trí cinn déag d'amhráin a bheidh ann. Tá ceann amháin as Gaeilge. Tháinig trí cinn amach cheana féin, ceann amháin deich imbliana ó shin, 'Prince's Street' leis na *Star Gazers*. Tá ceann eile 'Éist do Bhéal' a scríobh mé féin agus Louis de Paor. Chan Sinéad Lohan é ar an albam *Éist*. Tugaim féin agus Louis an 'Gaelic Hit Factory' orainn féin."

D'fhág muid an South Mall agus ar aghaidh linn go Prince's St. 'Fáilte romhat go Saineolaithe na mBonn' arsa comhartha i ngaráiste amháin. 'Fionta, beoir agus biotáille' le fáil sa teach ósta *The Goat Broke Loose*. "Tá mé féin, Louis de Paor agus Gurdie Ó Laoghaire ag obair ar rud eile," arsa John agus muid ag siúl linn. "Tá muid chun albam a dhéanamh as Gaeilge. Dánta Louis, ceol le Gurdie Ó Laoghaire agus amhráin liomsa. Ó na hUaimheanna míle slí taobh den gcathair do Ghurdie. Saghas ceoltóir *avant-garde* is ea é. Seinneann sé guitar leictreach, *loops* agus trealamh nua-aimseartha. Bhí grúpa ceoil aige i mBaile Átha ar feadh cúpla bliain, *The Nine Wozzies from Bainne*. 'Fan, baby, fan' a tha ar amhrán amháin. Tá sé saghas *wacky*. Plean nua is ea é seo. Tá muid chun é a dhéanamh i mbliana . . ."

'Between these two rivers'

"HOWAYA ANDY boy," arsa John go tobann os ard, "how's the form?"

Tháinig an fear anall.

"I'm fit for the river, Johnny."

"What's wrong with ya?"

"I'm reviewing this book for Lyric in ten minutes. Merton, an American spiritualist. He's obsessed with all kinds of queer things."

"Ah, he's nice."


"Not at all . . ."

Lean muid ar aghaidh go Prince's Street.

"Bhíodh dealbh anseo fadó, prionsa nó mac rí de shaghás éigin: 'O, will you meet me on Saturday night between dancing shadows, between street lights, between these two rivers I know where we'll meet – on Prince's Street.'

Bhailigh muid Leslie iníon John ón scoil agus síos linn sa ghluisteán go Passage West áit a bhfuil siad ina gcónai. Labhair John ar a chuid pleannána. "Fuaireas glaoch teileafóin ó Louis tuairim 's a deich a' chlog ar maidin. 'Tá muid ag dul go Meiricea, a John'. Bhí sé ar bí ar fad. Ní fheadar cá háit a tha i gceist, do bhíos leath im' chodladh – beidh tú ag dul isteach sa lána ar chlé go luath.


BRUACH NA LAOI



'I'm going to set you free'

Mí Mheán Fómhair a bheimid ag dul ann. Louis ag rá a chuid dáonta agus mise ag seinm amhrán. Ollscoil éigin a tha i gceist. Tá muid ag ceapadh go bhfanfaidh muid ann ar feadh seachtaíne nó dhó - isteach sa lána eile anseo. Nuair a bhímid óg téimist ag taisteal le chéile. Nuair a bhímid saor, *like you know*, sar a rabhamar leis na mná agus páistí agus mar sin de. Cúraimí an tsaoil, sin é a tharlaíonn."

Tá a shaol caite ag John cois Laoi. Imirce dó a bheith seacht míle ó dheas i bPassage West. "Thugas dhá bhliain i Luimneach nuair a dh'fhágas an scoil agus bliain amháin i mBleá Cliath. Is as Baile an Easpaig mé. Tá mé i gCorcaigh an t-am ar fad, really. *Johnny, don't go to Ballincollig*, baineann sé sin le duine nár fhág Corcaigh riamh. Sin mé féin. Baineann muintir Chorcaigh



'Between these two rivers I know where we'll meet, on Prince's Street'

ana-chraic as," arsa John. "Bím ag scriobh mar gheall ar Chorcaigh. Scríobh mé féin agus Louis ceann nua faoi Chorcaigh i mbliana chomh maith. *Rugadh orm i gCorcaigh* is ainm dó. Dán le Louis. Tá iasc órga ar bharr an tSeandúin agus déanann Louis amach toisc gur file é má tá iasc ag snámh sa spéir gur tir fo thoinn í Corcaigh. Tá sé osréalach." Bhailigh muid Leslie agus is gearr go raibh muid i bPassage. Bhí grian an tráthnóna ag taitneamh ar an inbhear.

Tae agus jaffa cakes

RINNEADH AN TAE agus cuireadh na *jaffa cakes* ar an mbord. Labhair muid ar thraigisiún Chorcaí. "Nuair a bhíos óg amhránaithe a bhí ana-mhaith ná Jimmy McCarthy agus Mick Hanley. Bhí Sonny Condell agus Leo Kelly ann chomh maith. Is breá liom Paul Brady chomh maith gan dabht. Is iad na focail is tábhachtai i mo chuid amhrán." Cé na filí a thainíonn le John? "An duine is fearr liom in Éirinn ná Nuala Ní Dhomhnaill. Is dóigh liom

go bhfuil sí chomh nádúrtha. Nuair a bhíos le Nomos dheineamar an-chuid turasanna go dtí tíortha difriúla. Ba dheas liom leabhar le Paul Durcan a cheannach don chamchuaire. Tá sé greannmhar chomh maith le rudaí eile. Is file ana-mhaith é Séamas Heaney. Tá sé ana-cheart agus ana-láidir but n'fheadar, tá sé saghas safe nó rud éigint . . .”

Déanann John ana-chuid cumadóireachta agus é amuigh ag siúl. “Bím ag canadh liom go ciúin i mo cheann. Bím ag obair air sin gach aon lá, agus go déanach san oíche uaireanta. Tá pianó agam, ach tá sé briste.” Ní furasta slí bheatha a bhaint as an gceol. I measc na rudaí a mhol John Spillane agus *Cuise* á chéile le cúpla pingin a shaothrú in am an ghátaír bhí: fiseán *aerobics* a dhéanamh i nGaeilge, a bheith i do chúnntír grianghrafadóra, nó jab eile a fháil i mBanc na hÉireann. “Bhíos ag obair le Banc na hÉireann ar

*'It wasn't to be, or we'd be drinking from the wells of the world
Or living in each other's shadow'*

feadh dhá bhliain. Ach rinneas saghas slí bheatha ón scríbhneoireacht nuair a bhí mé le Nomos. Rinne muid camchuaire an domhain agus bhíodh pingineacha ag teacht abhaile ina *royalties*. Bhí díomá orm faoin albam solo a chuir mé amach dhá bhliain ó shin nár tháinig sé amach i dtíortha eile. Tá súil agam go dtiocfaidh an ceann nua amach i Meiriceá. ‘Will we be brilliant, or what?’ Sin é is

ainm dó . . . An ólfaidh sibh cupán eile?” D’ól, agus pionta ar an sráidbhaile.

‘I’m going to set you free’. ‘I won’t be afraid any more’. ‘On behalf of me and the cherry tree, well done every one, well done’. Tá an fhilíocht beo i gCorcaigh.

Beidh John Spillane ag seinn:

- Móta 16 - Chomh Lois
- 17 - Whelen's, Westford St., Baile Átha Cliath
- 30 - Beal Feirste
- Aibron 1 - Cobblestone, Baile Átha Cliath
- 2 - Dórr
- 5 - Áth Luain
- 6,7 - Lobby, Corcaigh
- 8 - Cobblestone, Baile Átha Cliath
- 9 - Cathair na Mart
- 10 - Ballymore Eustace, Co. Cill Mhantáin
- 11 - Carrick on Barrow Co. Loch Garman
- 15 - Cobblestone, Baile Átha Cliath
- 22 - Beaumont, Co. Chorcaí
- 25 - Mainistir na Corann, Co. Chorcaí



Aussie Rules



Ros

Ros na Rún

Gach Máirt agus Déardaoin

8.30pm

Léiriú: EO Teilleis/Léirithe Thír Eoghain

Tá neart ag tarlú i Ros na Rún i mí na Márt, idir ghrá, thinneas, throid agus éad. Géaraíonn an teannas idir Mack agus Jason nuair a insíonn Ciara do Jason go raibh Mack ag iarraidh í a phogadh in aghaidh a tola. Tarlaíonn achranne eatarthu Tigh Thaidhg.

Comhairlíonn Muiris do Tom instealladh MMR a thabhairt do Dylan cé go bhfuair sé é cheana féin. Nuair a filíteann Sinéad ar an gclíníc faigheann sí amach go bhfuil an iomarca botún déanta ag a hathair Muiris. San ospidéal a chríochnaíonn Séamus tar éis dó na piollaí a thug Muiris dó a thógáil cé go bhfuil amhras air féin gur drochphionta Tigh Thaidhg a chriog é, Tosnaíonn Mack ag obair Tigh Thaidhg chun

go nglanfaidh sé a chuid fiacha ansin. Téann sé ar strae ar feadh tamallach meastú cén fáth?

Cead Isteach: An Óige a Tréigeadh

TG4 12 Mártá 9.20pm, 13 Mártá 11.15pm

Léiritheoir: Sonia Nic Giolla Easpaig
Léiriú le: Ligid Teo.

In san naoú haois deág agus roimhe, bhíodh margáí ar siúl i mbailte áirithe in iarthuaisceart na tíre, ag a mbíodh páistí agus daoine óga le fáil ar aimsir d'fhuasáil. Bhí Briany ocht mblíana d'aois nuair a díoladh é ag an 'Rabble' agus bhí John aon bliain déag d'aois. Chuaigh Gracie Chonaill as Anagaire chuig an aonach ar an tSrath Bán agus díoladh í ar ocht bpunt ar feadh sé mhí oibre. Is cuimhin le Andy McDevitt as na Dúcharaidh a bheith fostaithe ag ocht mblíana d'aois agus is cuimhin leis freisin go raibh gasiúir níos



Briany Ghráinne Ó Dubheannaigh as Rann na Feirste, beirt deárthar a d'fhulaing faoina dhéine. Bhí Briany ocht mblíana d'aois nuair a díoladh é ag an 'Rabble' agus bhí John aon bliain déag d'aois. Chuaigh Gracie Chonaill as Anagaire chuig an aonach ar an tSrath Bán agus díoladh í ar ocht bpunt ar feadh sé mhí oibre. Is cuimhin le Andy McDevitt as na Dúcharaidh a bheith fostaithe ag ocht mblíana d'aois agus is cuimhin leis freisin go raibh gasiúir níos

óige ná é féin á ndíol ag an am. Hughie Jimmy Mac Suibhne, shiúil sé dhá scór míle go dtí Leitir Ceanainn nuair a bhí sé ocht mblíana d'aois. Labhraíonn sé faoin drochbhia, faoina leaba fhuar, thais, agus faoin mbealach a raibh air imeacht óna theaghlach féin agus fanacht le strainséirí.

Cead Isteach: Mná Boilg

26 Mártá 9.20pm & 27

Mártá 11.15pm

Léiritheoir: Rosie Nic Cionnaith
Léiriú le: Múrla

Tháinig Moti Gorbhani go héirinn deich mblíana ó shin ón laráin. Thug sí léi cuid dá cultúr dúchais, go háirithe damhsa boilg, agus thosaigh sí a mhúineadh do mhná na hÉireann. Tá raon leathan daoine sa rang agus meascán maith aoiseanna, cultúr agus cultúir. Anois tá daltaí Mhoti le feiceáil i mbun taispeántas ar fud na tíre. Cén tarraingt



Rún

dhamhair atá ag na damhsaí cáiliúla mealltacha seo, cén sórt damhsóirí boilg iad mná na hÉireann, agus cad a tharlaíonn nuair a bhuailéann cultúr an Oirthir le cultúr an larthair?

Lá 'le Pádraig ar TG4

Cluiche Ceannais Rugbaí na Scoileanna – Cúige Laighean

TG4 7:00pm Dé hAoine 17 Márta

Tá Cluiche Ceannais Rugbaí na Scol i gCúige Laighean ar cheann de mhórimeachtaí rugbaí an fhéilre spóirt in Éirinn. Imrítear an cluiche i mBóthar Lansdún gach bliain ar Lá 'le Pádraig ó comhair slua le grá agus paisean don spórt.

Anuraidh bhí cluiche ceannais den scoth idir Coláiste na Carraige Duibhe, máistrí an chomórtas seo leis na blianta agus an

Coláiste Cistéireach, Ros Cré, a bhí ag imirt sa gluicé ceannais den chéad uair le os cionn 40 bliain. Ag deireadh an lae d'éisigh leis an gCarraig Dhubh an corn a thabhairt leo ach tá siad curtha as an iomaíocht cheana féin i gCorn 2000.

Beidh Garry Mac Donncha i mbun na tráchtareachta le foireann léirithe 'Spórtiris ar an Lathair' do TG4. Ionad stairiúil, lucht leanta glórach, rugbaí iontach, coimhlínt den scoth agus go leor scóranna – sin é Rugbaí na Scol.

Shirley Temple Bar

TG4 Lá 'le Pádraig 9:00pm
Lá 'le Igloo Productions

Declan Buckley- cé hé féin? Cé as é? I 1996 chuir a chairde a ainm isteach le haghaidh comórtas mar mhalairt ar chomórtas Miss Ireland agus thug sé an chraobh leis. Is Shirley Temple Bar a tugadh air as

sin amach agus bhí an-tóir ag na gníomhairí air. Bhí sé le feiceáil i dtabhairne an George i mBaile Átha Cliath gach seachtain agus bhíodh suas le seacht gcéad duine ag teacht chuig an Bingo a bhíodh á reáchtáil aige. Bhí Shirley le feiceáil go minic in áiteanna difriúla timpeall na tíre in éineacht le Twink agus Linda Martin. I mbliana tá ag eirí chomh maith sin le Shirley go bhfuil sé chun a haghaidh a thabhairt ar an gcuid eile den domhan. Sa gclár seo beidh roinnt d'obair Shirley le feiceáil agus beidh agallamh le Twink.

Aussie Rules

10:45pm Dé hAoine 17 Márta

Cuirfear tú le séasúr nua peile ó locháil domhain, *Aussie Rules*, anocht ar TG4 don tríú bliain as a chéile. Tá an cluiche lúthmhar láidir seo ar cheann de na cluichí páirce is físiúla ar domhan

agus beidh an paisean agus an díaniomaíocht is dual ar taispeáint ar TG4 gach seachtain ar feadh an tséasúr ó Mhárta go Meán Fómhair. Bíonn 100,000 duine i lathair do chluiche ceannais na craobh (An Grand Final) san Melbourne Cricket Ground gach bliain.

Tá 16 foireann ó cheann ceann na hAstráile páirteach san AFL, 18 imreoir an taobh, agus iad ag imirt faoi rialacha eile atá cosúil ar go leor bealach leo sin atá i bhfeidhm don pheil Ghælach. Dar ndóigh tá curtha leis an ngaol idir an dá chluiche le cupla bliain anuas leis na cluichí faoi chomhrialacha a imrítear idir foirne idirmáisiúnta na hÉireann agus na hAstráile anseo agus san Astráil.

Beidh cuid de na imreoirí a bheidh le feiceáil ar *Aussie Rules* gach seachtain ag imirt in aghaidh na hÉireann i bPáirc an Chrócaigh i mí Dheireadh Fómhair.



Mná Boilg

An Fhuinneog, a monthly window of opportunity for the learner, the improver and the native speaker who would like to read more in Irish, offers glossaries in English, excerpts from the best of Irish books, helpful tips and more.

Oscail An Fhuinneog agus féach isteach.

VENUS

DOB Í Venus bandia grá na Róimhe agus tá an t-ainm sin freisin ar an bplainéad is gaire díunn. Ach ní áit chairdiúil í ar chor ar bith. Tá an teocht os cionn 475°C ar dhromchla an phlainéid agus tá scamaill mhóra charbóin dé-ocsaíd sa spéir a choinníonn an teas istigh agus nach ligeann díunn féachaint isteach ann.


Bean Slachtmhar

AINMFHOICAL baininsneach dar críoch -n, ní hiondúil go leanann séimhiú é sa nGaeilge bheo más s- d- nó t- is tú don aidiocht a thagann ina dhiaidh (féach áfach An Caighdeán Oifigiúil Ich 87). **Róisín Dubh, Elbhlín Dubh, bean saibhir, bean salach.** Cloisimid **bean shingil** ar RnG: **bean singil** atá i gceist. Tá **Siobhán síorghnóthach** i bParlaimint na mBan, agus is dóigh gur **bean sásta** í. **Bean deas** í pé scéal í, agus **bean turiseach** is dóigh tar éis na hoibre. Ní bhíonn séimhiú ar an dara ainmfocal sa gcás seo ach oiread: **bean sléibhe ag caoineadh a mic, an bhean sí, agus an bhean siúil.** Tá **bean lí** ann freisin dar ndóigh

Tá teocht 100°C ar bharr na scamall, san áit a mbíonn solas na gréine, agus -150°C sa dorchadas. Dá mbeifeá ábalta an teas a fhulaingt, bheadh brú an atmaisfeír ródhian ort, mar tá sé 90 uaire níos láidre ná an brú atá againn anseo.

Dá mbeifeá ar Venus, d'fheicfeá an ghriain ag æiri san iarthar agus ag dul faoi san oirtheoir. Rud eile, bheadh lá ar Venus 117 uaire níos faide ná an lá atá againne. Tóggann sí 243 lá domhanda chun casadh ar a hais ach ní thóggann sí ach 225 chun dul timpeall na gréine. Nuair a thagann an Domhan agus Venus cóngarach dá chéile bíonn an taobh céanna den phlainéad thírithe i dtreo an Domhain i gcónai. Téann sí ar chosán ciocalach ar a turas timpeall na gréine. Bíonn sí i ngiorracht 40 milliún cileamæadar díunn uaireanta ach bíonn sí níos mó ná 257 milliún cm uainn uaireanta eile.

Thuirling spásfheithicí Venera 9 agus Venera 10 ón Rúis ar Venus sa bhliain 1975. Chuaigh Pioneer (USA) ar chosán eilipteach thart uirthi i 1978. Frítheadh móran eolais fúithi dá dheasca sin. Tá an talamh cothrom go leor thart ar an meánlíne ach cuid den réigiún ó thuaidh tá sé sléibhíúil, cnapánach. Ceaptar go bhfuil sléibhte ann chomh hard leis na Himalayas agus go bhfuil an t-ardchlár fén níos fairinge ná machaire na Tibéide. Séideann gaoithe Venus soir anoir agus tarlaíonn creimeadh dá dheasca sin. Bíonn luas 360 km san uair fúthu ar bharra na scamall ach bíonn siad lag go leor os cionn na talún. Tá an chontúirt ann go ndéanfaidh carbón dé-ocsaíd an dochar céanna ar Domhan is a rinneadh i dtайлte dóite Venus fadó.



ar dhromchla – on the surface; **an teas a fhulaingt** – to stand the heat; **brú** – pressure; **bandia grá** – goddess of love; **carbóin dé-ocsaíd** – carbon dioxide; **teocht** – temperature; **ródhian** – unbearable; **iarthar** – west; **oirtheoir** – east; **i domhanda** – an earth-day; **casadh ar a hais** – turn on its axis; **cóngarach** – near; **cosán ciocalach** – circular orbit; **i ngiorracht** – within (a distance); **thuirling** – landed; **spásfheithicí** – spacecraft; **cosán eilipteach** – elliptical orbit; **frítheadh** – (there) was discovered; **dá dheasca sin** – because of that; **cnapánach** – unlevel; **an t-ardchlár** – the plateau; **machaire** – the plain; **creimeadh** – erosion



Seosamh Mac Muirí continues his investigation of Irish surnames and tracks down the residual

p-celt

Mac@nas.SMM

Gall agus Breathnach

IS FADA ROIINT de shloinnte Gacilge na hÉireann ar an saol. Tá roinnt díobh sin nach dtáinig as an nGaeilge: *Haralt Luimnígh* (< *Harold* na Lochlainnise), *Doilfin* Bhinn Éadair (< *Dolphin* na Lochlainnise) agus Seoighigh, de chuid na Breataise, deirtear linn. D'athraigh roinnt Seoigheach ar ball go dtí Mac Conchobhair > Cunnager/Con(n)agher agus Mac Uigín > Kiggan/Kiggins). An sloinne Mac Riocaird, is ionann sanas dó agus *Uprichard*, sloinne atá in Ard Mhacha. Níl cosúlacht na Gaeilge ar Uprichard, ná ar a leagan eile, *Pritchard*. Feictear an chosúlacht, áfach, nuair a curtaidh ceann na Gaeilge agus bunleagan na Breataise de Uprichard/Prichard, le taobh a chéile. *Mac Riocaird* na Gaeilge, 'ap Richard' na Breataise.

Is léir dúinn gurb ionann *Mac* na Gaeilge agus (*Map*) 'ap' na Breataise. Is cóir go n-aithneofaímis sloinnta na P-Cheiltise thart orainn in Éirinn, sloinnta a thosaíonn go minic leis an litir *B*, nó *P*.

Bethel < ap Ithel (i gCúige Uladh) *Blaney* < Blaenau (Muineachán, srl.)

Blevins < ap Bleddyn (i gCo. Thír Eoghain)

Blood/Floyd/Lloyd < ap Llwyd, (.i. Mac Léith)

Bowell/Powell < ap Hywel

Craddock < Caradog

Evans < Bevan < ap Ifan

Gough < Goch (.i. Mac Deirg)

Griffith < Gruffydd (.i. gríobh)

Mac Mibhric (= ap Meurig), féach Merrick.

Jago < Iago

Keating < Ketynge < Céitinn <



Pink Floyd: 'ap Llwyd' ó thíos (Mac Léith)

Cethyn ('cosúil le cat'?)
Kenefick < Cinipheic <
Kenrick < Cynwrig
Lewis < ap Llewelyn (.i. mac Leoин)
Mc Elligot < Mac Uileagóid <
fitzElyoth < ap Elias
Meredith < Maredudd
Merrick < Mac Mibhric (= ap Meurig) < Mac Fheorais < de Birmingham
Owens < Bowen < ap Owain (mac Eoghan)
Parry < ap Harri (mac Annraoi)
Price < ap Rhys (.i. mac Rí)
Pugh < ap Huw
Taaffe < Táth/Taa < Tafí (.i. Dáithí)
Vaughan < ap Vychan (.i. mac Bheagán)
Wogan < Gwgan (.i. goicín)
Wynne < Gwynn (fionn)

Tá i bhfad Éireann níos mó ná sin de shloinnta na P-Cheiltise abhus inár measc. A bhfuil sa liosta thuas, tá suim nach beag díobh a sheasann do leaganacha traslitrithe sloinnta Gaeilge: Céitinn/Keating a sheasann go minic do *Ó Céatfadha*, mar shampla, Igoe/Iago a sheasann do *Mac Iagó*, sliocht de mhuintir Uí Áinle agus mar sin.

An Iagó seo, céard tá ann, ach Diego na Spáinnise, rud a thugann chuig cathair iniarthar Mheiriceá sinn.

Sciorradh Pinn

An Áit

Is treibh iad muintir na háite Labhraíonn siad de ghlór coiteann Bíonn an slua ar aon fhocal Sioc, grian 's báisteach.

Más glór tréan do ghlórfa Fulangeoidh tú san áit seo Ní thabharfaidh freagra ort Ach na préacháin.

Rachaidh do bhrí i léig Tiocfaidh seirgeadh ort Sílfidh tú gur baois do shaibhreas.

Mura múchann an áit do ghlór Cuirfidh sé stad ann Cuirfidh sé uisce tríd an amhrán.

Súile a bhíodh leata le hiontas Déanfaidh an áit cró snáthaide díobh Súile beaga nach ligean tada amach.

Níl de ghlór tréan san áit Ach glór an amadán Níl duine tréanghlórach san áit Nach n-imíonn Ní nach ndéanann balbhán

Ach an t-amadán An deoraí baile.

Diarmuid Johnson

treibh – tribe; coiteann – common, united; tréan – láidir; fulaingt – suffering; préacháin – crows; brí – strength; i léig – wane; baois – foolishness; saibhreas – depth of character; glór – guth; stad – briseadh; leata (leathadh) – wide-open; cró snáthaide – eye of a needle; amadán – fool; tréanghlórach – having a strong voice; balbhán – a person who can't or doesn't speak; deoraí baile – the local exile.

AN BÉAL BEO

Antaine Ó Faracháin

An Gabha Ceartan

Chuir duine teachtaireacht chugam le deireanas: “.....cén t-amhrán a thosaíonn mar seo: “Agus tá mé le bliain is ráithe ag gabháil thart ar Chúige Laighean ach tuairisc ar mo ghrá ní bhfuair mé” Is é an ‘An Gabha Ceartan’ atá i gceist, ceann atá ar bharr mo liosta féin le foghlaim le blianta fada.

Amhrán fior-álainn atá anseo, leagan amháin ach go háirithe dar liom. Tá taifead agam de Pheatsáí Ó Ceannabháin – go ndéana Dia trócaire air – á chasadadh ag Sean-Nós Cois Life cúpla bliain ó shin. Cuireann sé dinglis ar cùl mo mhuineáil agam gach uair a éistim leis.

Tá fonn álainn ag gabháil leis, filíocht den scoth agus mothúcháin an ghrá ag brú amach gan srian i roinnt línte atá thar a bheith cumhachtach ar fad: ‘Naoi n-uaire b’fhearr liom póstá leat, go mór mór ná bheith i bhFlaithis Dé.’ ‘Dá mbeadh sé ina stoirm thinntrí is an oíche ag cur sheaca aduaidh, le mo rún dá bhfaighinn cead sínte, bheinn chomh haoibhinn leis an eala ar cuan.’ Agus b’fhéidir an líne is cumhachtai ar fad ar deireadh: ‘Is más í do mháithrín atá i do dhiaidh orm, fuil a cléibhe aici agus galar dubhach!’

Chaith mé bliain is ráithe, i mo ghabha ceartan i gCúige Laighean
Tuairisc mo ghrá ní bhfuaireas, nó go dtáinig mé ar m’ais arís
Tá an saol seo ar fad cráite, is ní áirim mo mhuintir féin
Ach ar an gcnoc úd thall atá m’áras, is ar an bPápa ní cheilfead é.

Soir atá mo tharraingt agus nach fada uaimse grá mo chroí
A ghiolla an chúilín phéacaigh, i do dhéidhse ní mhairfead mí
Tharraing tú milleán mór orm ach a stóirín níor mhaith leat é
Naoi n-uaire b’fhearr liom póstá leat go mór mór ná bheith i bhFlaithis Dé.

Nach breá nach dtagann tú, a Sheáin, agus mé a fháil ó mo mhuintir féin
Nach breá nach dtagann tú, a ghrá ghil, ’gus mé a fháil uathu uilig go léir
Mura bhfuil siad sásta leis an gcás seo a fháil réidh



Déanaigí córra/tuamba clár dhom agus fágaigí mé go doimhin i gcré.

Marach m’intinn dána gheobhainn áras ó mo mhuintir féin,
Ba agus caoirigh bána agus páirceanna lena gcur ’un feir,
Codladh fada samhraidh agus cead greann a bheith dhá chaitheamh léi,
Agus go b’fhearr liom faoi na tamhnachaibh ag piocadh seamsóg le grá mo chléibh.

Díomú Rí na hAoine don té a dhíbir mo ghrá i bhfad uaim,
Ní féidir liom dul ina gaobhar aon Dé hAoine nó go moch Dé Luain.
Dá mbeadh sé ina stoirm thinntrí is an oíche ag cur sheaca aduaidh,
Le mo rún dá bhfaighinn cead sínte, bheinn chomh haoibhinn leis an eala ar cuan.


A’ gcuailis, nó an bhfuairis scéal ar bith ó mo ghrása anuas le mí
Thart thrí oiléantáin uaigneacha nó anuas arís trí thalataibh fraoigh?
Ní raibh suim ar bith i do ghlór agam ach dólás mór gur ag magadh a bhís,
Agus tá mé óg go leor fós is beidh cead spóirt agam i mbaile éicínt.

D’éisigh mé Dé Céadaoin ’s bhí an mhaidin fuar,
Cé a d’fheicfinn ach mo chéad-shearc ar chnocaínín is í i bhfad uaim.
Ghoireamar lena chéile nó gur ligearmar an oíche ’un suain
Is más í do mháithrín atá i do dhiaidh orm, fuil a cléibhe aici agus galar dubhach!

Féach ‘Amhráin Mhuigh Seola’, uimhir 74, (Cló Iar-Chonnachta) agus ‘Amhráin ar an Sean-Nós’ (RTÉ CD185). Tá an leagan seo thuas bunaithe a bheag nó a mhór ar an leagan atá in ‘Amhráin Mhuigh Seola’.



TÁ AN SUÍOCHÁN IS FEARR IN ÁIRITHE AGAINN DUITSE.



Ó thaobh tuairisciú cuimsitheach iontaofa nuachta. Nuair a theastaíonn uait féachaint ar na scannáin is déanaí, na seónna is anamúla, na pearsana aitheanta. Nuair is mian leat a bheith i lár an aonaigh ag an ócáid mhór spóirt nó sa tsraith thosaigh do cheolchoirm na bliana. Níl ort ach suí siar agus tabharfaimid cois teallaigh chugat é.

RTÉ

Gairmiúlacht na Taibhdheirce

FÓGRAÍODH roimh Nollaig go raibh Taibhdhearc na Gailimhe ag lorg aisteoirí leis an dráma San Siobhán a chur ar an stáitse. Is í Sile Meehan a bhí le bheith ina léiri-theoir. Tairiscíodh an phríomhpháirt d'Audrey Ní Fhearghail. "Léigh mé bundráma George Bernard Shaw *Saint Joan*," arsa Audrey, "agus thait-nigh sé go mór liom." Bhí ríméad ar Audrey mar gheall ar an dráma. Ach bhí ceist ann maidir le script...

Nuaire a cuireadh San Siobhán ar stáitse na Taibhdheirce i 1950 (féach 'San Siobhán McKenna' thíos) is leagan Gaeilge de script Shaw le Siobhán McKenna a úsáideadh. Ach roimh Nollaig seo caite agus San Siobhán á bheartú, ní rabhthas cinnte cé aige a raibh an script sin.

Bhí fáitíos ar Sheán Stafford, duine de Bhord Stiúrtha na Taibhdheirce, go mb'fhéidir go ndeach-aigh an script amú. Go dtí na seachtoidí coinnítear de chéapéisí na Taibhdheirce trasna an bhóthair sa *Taibhsín*. Cheannaigh muintir Khenny an áit a raibh an *Taibhsín*. An féidir gur sa *Taibhsín* a bhí script Shiobhán McKenna?

Ní hamhlaidh a bhí. "D'éirigh linn an script a aimsiú," arsa Aoife Ní Scolaí, riarthóir na Taibhdheirce, mí Feabhra.



Audrey Ní Fhearghail: "Drochscéal"

Síleadh áfach go raibh script Shiobhán McKenna 'sean-fhaisiúnta'. B'fhearr rud nua-aimseartha. Rinne Bord na Taibhdheirce script nua a choimisiúnú. Síleadh go mbeadh ina cheart.

Ach ní mar a siltear a bítéar. Ghlaogh Audrey Ní Fhearghail ar *Chuisle* tamall i ndiaidh dúinn labhairt léi an chéad uair. 'Tá drochscéal agam,' ar sí, 'níl siad ag dul ar aghaidh leis an dráma.'

Céard a tharla nó cén fáth nach mbeidh San Siobhán ar stáitse na Taibhdheirce sa Márta? Bhí freagra na ceiste ag Aoife Ní Scolaí: "Bhí an sceideal rótheann. Rinne an Bord cinneadh le comhairle an léiriitheora nach ceart ach léiriú gairmiúil a chur ar an stáitse." Chuir Aoife an-bhéim ar an mbéim a chuir an bord ar an ngairmiúlacht. "Is dráma an-mhór atá i San Siobhán," ar sí, "agus ní bheadh an t-am ann lena dhéanamh go gairmiúil." Dá bhrí sin tá an dráma curtha ar athló go dtí "tar éis an tsamhraidh".

An bhéim seo ar an ngairmiúlacht, cuirfidh sé áthas ar lucht drámaíochta. Cá bhfios nach ré nua atá ag gealah? Trua áfach nár tuigeadh in am go raibh easpa ama ann.

Jeanne d'Arc

DÓDH JEANNE D'ARC ina beatha os comhair slua mhór i Rouen na Fraince sa bhliain 1431 in aois a naoi mbliana déag. Threoraidh sí arm na Fraince chun bua agus thug don náisiún an rí ceart Séarlus VII. Bhí an Cogadh Céad Blíain ar siúl ag an am idir na Sasanaigh agus an Phrainc. Bhí pobal na Fraince deighilte idir lucht leanúna an fhilíte óig an Dauphin Charles d'Armagnac agus na Burgúnaigh a bhí ag fearadh cogaidh ar thaobh na Sasanach.

Bhí comhaontas idir na hAlbanaigh agus Rí na Fraince i gcoinne na Sasanach. Iad. Bhí sé mar aidhm ag na Sasanaigh an dá ríocht a athaontú facin bhflaithe óg Henri VI. Is ó thuirisciú na cúirte a dhaor chun bháis í is mó a fhaighimid ár gcuid eolais ar Jeanne d'Arc.

Bhí taibhreamh aici nuair a bhí sí trí bliana déag d'aois. Bhí sí cinnte gurbh é an tArdaingeal Micheál, pátrún na Fraince, a bhí ag caint léi. Dúirt seisean go gcuirfeadh Dia beirt naomh ó neamh lena comhairliú agus lena tionlacan san obair a bhí roimpi. B'iadsan naomh Caitríona agus naomh Maighréad. Is faoi thionchar na gcomhairleoír seo a thug Jeanne faoin turas go dtí an

Dauphin i Chinon. Chuir an Dauphin muinín inti agus d'éirigh léi a chur in a lí air go raibh teachtaireacht ó Dhia aici chuige. Ag an am seo bhí na Sasanaigh agus na Burgúnaigh ar tí cathair Orleans a chur faoi léigear. Dá n-éireodh leo bhí an tír iomlán gafa acu.

Ceapadh Jeanne ina taoiseach ar ardthaoisigh arm an Dauphin agus ina ball d'ardchomhairle Arm na Fraince. Faoi cheannas Jeanne d'éirigh leis na Francaigh an léigear a bhriseadh agus an ruaig a chur na Sasanaigh. An áit a raibh Jeanne sa chath sin bhí saighdiúirí an Dauphin lán meanma agus an námhaid scanraithe. Bhí an ghráin ag na Sasanaigh uirthi agus bheartaigh siad í a chur chun bháis ach a bhfaighidís greim uirthi.

Tionlacadh an Dauphin Séarlus go Reims agus gairmeadh ina rí é ar an bhFrainc. Lean Jeanne leis an gcoigde. Gabh na Burgúnaigh í agus tugadh go Rouen ar muin capaill i do na Sasanaigh. Cuireadh á triail í agus daoradh chun báis ag sa bhliain 1431.

Sa bhliain 1449, d'éirigh muintir Rouen amach i gcoinne na Sasanach. I ngach uile chathair ar fhág Jeanne d'Arc a rian ann d'fhíll siad ar rí na Fraince. B'in deireadh le réim na Sasanach sa bhFrainc. Ceithre bliana fichead i



'Shit, tá bearna sa script'

ndiaidh a báis dhearbaigh círt athbhunaithe na hEaglaise gur breithíunas gan dispeónas a tugadh uirthi. Sa bhliain 1909 bheannaigh an Pápa Plus X Jeanne agus rinne an Eaglais naomh di sa bhliain 1920, an bhliain ar beannasodh Oilibhéar Pluincéad, Ard-Easpag Ard-Mhacha. Thug an Pápa Benedict Naomh an Tir-Ghrá uirthi.



San Siobhán McKenna

D'fhéadfainn déanamh gan mo chapall cogaidh; d'fhéadfainn sciorta a tharraing mo dhiaidh; d'fhéadfainn ligint dos na meirgí agus na ridirí agus saighdiúrí dul tharam agus mé d'fhágáil 'na dhiaidh fé mar a fhágann siad na mná eile, bíodh is go bhféadfainn éisteacht go fóill les an ngaoth sna crainnte, na fuiseoga i solas na gréine, na huain óga ag caoineadh in aeir folláin seaca, agus cloigeanna beannaithe an tséipéil a chuireann mo ghuthaí ainglithe ag boghluaiseacht chugam ar an ngaoth. Ach in éagmás na rudai seo, ní thig liom maireachtáint, agus de bhri go bhfuil sibh ag iarraidh iad a thógáil uaim-se nó ó neach ar bith, is fios dom go bhfuil bhur gcomhairle ón diabhal agus mo chuid-se ó Dhia'

(San Siobhán le George Bernard Shaw arna aistriú ag Siobhán McKenna).

CEANN DE NA HIMEACHTAÍ BA mhó i ndrámaíocht na Gaeilge riamh ab ea léiriú 'San Siobhán' sa Taibhdhearc 50 bliain ó shin. Siobhán a bhí sa bpríomhpháirt - Siobhán McKenna.

Rugadh Siobhán McKenna i mBéal Feirste agus tógadh i nGaillimh í. Ba bhean dionghbáilte í a raibh acmhainn grinn inti. Bean dathúil a bhí ar a compórd i measc réalta Hollywood agus mhuintir na Gaeltacha araon. Ba mhac léinn cumasach í agus bean spóirt, ach is leis an aisteoireacht is mó a bhí lúi aice.

Is san amharclann a chas sí lena fear céile, an taisteoir Denis O'Dea. Is beag mórpháirt mná i ndrámaí hÉireann nár bhain sí triail aisti. Rinne sí a cuid féin de Phegeen Maidhc sa 'Playboy', Molly Bloom, Cass Maguire, Mommo in 'Bailegangaire' agus an pháirt ab ansa léi féin, San Siobhán.

Ba é Seán Ó hÓráin a d'iarr ar Siobhán teacht chun na Taibhdhearc a chun an dráma a dhéanamh. Bhí an amharclann an-lag san am agus theastaigh míorúilt lena tarrtháil. Ghlac Siobhán leis an tairiscint agus thug sí faoi dhráma George Bernard Shaw a aistriú í féin. Cuireadh an dráma ar stáitse sa Taibhdhearc i mí na Nollag 1950. Bhí Siobhán Nic Cionnaith 28 bliain d'aos.

Cailleadh Siobhán Nic Cionnaith ar an 16ú Samhain 1996. Seo mar a rinne Brian Friel cur síos uirthi:

'A star is an abused and abased word but in the language of theatre it retained an exact meaning. In theatre, a star was an actress who was unique in that she personified an idea that a country has of itself at any particular time. Siobhán was our pre-eminent Irish star, indeed our only star. For people of my generation, she personified Ireland.'

'Commitment'

Tá an Druid Theatre Company i réim le 25 bliain agus turas na hÉireann agus na Breataine á dhéanamh acu faoi láthair le *The Beauty Queen of Leenane*, dráma a thuill clú agus cáil dóibh. Labhair *Cuisle le bainisteoir nua an chom-pántais*, Ciarán Walsh. Ba 'commitment' ar fad aige é.

Seo é an dráma:

Scene 1 Druid in Galway: Ciaran Walsh tells of commitment to the city that supported it since it first took those tentative steps off campus and into the Foc'sle Theatre in Dominick Street a quarter of a century ago. The company are adamant that they remain a Galway company, all new productions premier in the city of the tribes. Druid continue to tour the towns, villages and islands of the west of Ireland, funded by the Arts Council.

Scene 2 Druid and new Writers: The company have a strong commitment to bringing forth new writing talent. Each script received by Druid is read by a panel, and Charlie McBride from the company regularly meets these writers to offer guidance. Getting a play from the idea level to final production involves much work from all concerned in the production process, and is very much a team effort.

Scene 3 Druid and Irish Theatre: The company strive to showcase the best in Irish Theatre, historic and contemporary. They are committed to the tradition of the Irish theatre since the turn of the centuries. Their current major goal is to perform the complete works of Synge in settings throughout Galway city and county.

Scene 4 The Future: Druid take centre stage with the success of Martin McDonagh's *Beauty Queen*. The move to the West End and Broadway has catapulted the company to a much larger audience. There is now huge expectation whenever they travel. Druid cherry-pick the best festivals in the world. But is it all wellies and dressers, and 'more Irish than the Irish themselves'? What will define commitment in the dénouement?

An Turas

Baile Átha Cliath: 21ú Feabhrá – 11ú Mártá; Gaillimh 13ú – 18ú Mártá; Leitir Cearainn 20ú – 25ú March; Sasana Mártá – Bealtaine; Béal Feirste 8ú – 13ú Bealtaine; Port Láirge 15ú-20ú Bealtaine.



On his way back from India to Mweenis in Connemara, Colm de Bhaldraithe dropped into Cuisle: here is the last splash from his diary of an Indian odyssey - a disemboweled goat, hitching on the back of a coffee truck, and a chance meeting with a native speaker of Irish from Tamhain, Co Galway.



On his way back from India to Mweenis in Connemara, Colm de Bhaldraithe dropped into Cuisle: here is the last splash from his diary of an Indian odyssey - a disemboweled goat, hitching on the back of a coffee truck, and a chance meeting with a native speaker of Irish from Tamhain, Co Galway.

YERCAUD

BHÍ MÉ AR MHÁ MHÍN Tamil Nadu. Ar feadh seachtaine bhí an teas os cionn 40C. Bheartaigh mé dul go dtí na sléibhte, turas dhá thraein agus bus. Nuair a bhí mé ag dul in airde ar an mbus bhí scamaill dúghorma ag bailiú sa spéir agus an ghrian ag dul faoi. Le gach céad slat bhí an teas ag laghdú agus an fás ag éirí níos flúirsí. D'imigh an ghrian agus phléasc na scamaill. Faoin am ar shroich mé ceann scriibe, Yercaud, bhí sé dubh dorcha agus ag díle báistí. Sráidbhaile beag suarach, bóthar briste, bothán brocach, dorcha, cuma ar nós béislofa. D'aimsigh mé lóistin agus chuaigh mé a chodladh.

Le solas na gréine, bhí cuma níos fearr ar an mbaile. Sciobóil bheaga ag díol chuile rud beo, potaí miotail, earrai plaisteacha, éadach agus cácaí milse. Anseo agus ansiúd bhí gréasaí nó tailliúr ag déanamh a gceirde. Lá margaidh a bhí ann agus bhí muintir na tuaithe ann ag díol is ag ceannacht. Bhí mná ina suí ar an talamh ag díol carnán mó ranga buíghlas agus oráiste. Mná eile ag fuáil bláthanna le crochadh ina gcuid gruaige. Shiúil fear tharam le deich gcaintí 'kerosene' ar a chloigeann. Bhí boladh bréan ón sruth séarachais. Bhí asail, gabhair agus gadhair ag siúl thart ag lorg béisle sa bruscar. Tháinig scuaine ban gléasta i sari órga, dearga, gorma agus buí, a gcuid gruaige ag glioscarnach le hola cócó agus boladh milis ó na bláthanna a bhí curtha ina gcuid gruaige.

Chonaic mé beirt fhear ag teacht le bord agus gabhar. Leag siad cosa an bhoird ar chaon taobh den sruth séarachais agus thóg duine acu scian óna sciorta. Chas mé agus shiúil mé liom. Nuair a tháinig mé ar ais ar ball ní raibh fágtha ach an craiceann ar an mbord agus na putógaí bándearga ag snámh sa sruth séarachais.

Speak English

CHUAIGH MÉ ag siúl amach faoin tir. Thart timpeall, bhí sceacha caífé ag fás faoi scáth na gcrann darach. Bhí sé ciúin, séimh, glas, le haer glan an tsléibhe agus an teas ar nós lá breá in Éirinn. Bheannaigh daoine dom agus bheannaigh mé dóibh. Tháinig beirt ghasúr, b'fheidir sé bliana agus



Péire súil as Kerala

ceithre bliana d'aois. Dúirt an gasúr ba shine "hello" i nglór beag cúthail. Rinne mé aithris ar a ghlór beag cúthail agus dúirt mé "hello" leis. D'fhéach an leaidín óg orm trí na súile móra le hiontas agus a bhéal mar a bheadh "O" mór ann. Phléasc sé ag gáire agus ní fhéadfadh mise stop a chur liom féin. Chaith an triúr againn cúig nóiméad ag scairtíl gháire ar thaobh an bhóthair sula raibh muid in ann stop a chur linn fein. Ansin chroith muid lámh agus d'fhág muid slán lena chéile.

Choinnigh mé orm go barr an tsléibhe. Bhí teampaill ann agus ar níos aon áit ina mbailíonn na hIndiaigh bhí sé ina chaclann agus bruscar ar fud na háite. Tháinig mé chuig crosbhóthar le scata daoine os comhair bothán tae. D'inis siad dom go mbeadh bus ag teacht go luath agus thraig fear cupán tae dom. Ná raibh air ach sciorta gioblach agus bhí sé cosnocht. D'ordaigh mise dhá chupán tae dúinn ach ní ligfeadh sé dom íoc astu. Mar a tharla sé ba leis an tiarna talún an bothán agus bhí chuile chupán nó toitín a díoladh á scriobh i leabhar mór agus gearrtar an reicneáil ó na tuarastail shuaracha. Bhí na daoine eile ag déanamh iarracht labhairt liom agus bhain mé úsáid as mo chúpla focal tamil. Bhí an fear eile oibrithe agus bhí sé ag déanamh iarracht iachall a chur orm labhairt leisean amháin i mBéalta. Chonaic mé leoráí ag

teacht anuas an sliabh agus stop sé ag an gcrosbóthar. Rith mé chuige. D'iarr mé ar an tiomanáí marcafocht a thabhairt dom. Léim mé isteach chun deiridh i measc na máláí caifé agus bhí mé imithe.

Bhí dhá líon tí agus cuma Shíneach nó Bhurmach orthu san óstán. Bhí duine acu andathúil, craiceann órga air agus súile ar dhath na meala. Lá amháin shiúil mé chuige agus d'fhiabraigh mé de cérb as é, céin taimn a bhí air agus céard a bhí ar siúl aige i Yercaud. D'inis sé dom gur dochtúir Hnema é, gur as Mizoram é agus go raibh sé i Yercaud le mac deirfúire leis a chur ar scoil Yercaud. Tá Mizoram ar an teorainn le Burma. "Nach bhfuil scoil ar bith níos cóngarái daoibh?" arsa mise "Ó, is scoil Bráthar Críostaí atá anseo agus tá clú agus cáil uirthi ar fud dheisceart na hÁise" a deir sé. Fad is a bhí muid ag caint tháinig cara leis agus d'fhiabraigh sé díom cérb as mé. "As Éirinn" a deir mé. "An bhfuil tú i do bhall den IRA?" "Nílím." "Cén fáth nach bhfuil?" Rinne mé leathscéal ach bhí sé soiléir gur cheap sé gur seoinín ceart mé. Tháinig an fear céanna go dtí mo sheomra maidin domhnaigh. "An bhfuil tú ag teacht ar Aifreann?" a d'fhiabraigh sé. "Ní Caitliceach mé," a deir mé. D'imigh sé leis agus níor bheannaigh sé dom arís.

Máire Ní Phathaigh

CHAITH MÉ chuile lá ag siúl sna sléibhte agus chuile oíche tháinig Hnema ar cuairt agam agus buidéal

Scoil na Tamhna san áit arb as Máire Ní Phathaigh

gin aige ina láimh. D'fhoghlaim mé go leor faoi Mizoram agus chuala mé neart amhrán le Jim Reeves. Bhí mé cineál scaipithe agus bheartaigh mé faoistín a dhéanamh agus an bóthar a bhualadh. Chuaigh mé go dtí na bráithre Críostaí. Bhí bean rialta ar na céimeanna. "Cén chaoi a bhfuil tú?" a deir mé léi i nGaeilge. "Don't speak to me in that language," a deir sí. "I've been here fifty years and I've forgotten every word of it." B'í Máire Ní Phathaigh í as an Tamhain, baile beag ar leithinis ó dheas den Órán Mór. Gaeilge ar fad a bhíodh ar an mbaile agus bhíodh Dev ag teacht le Gaeilge a fhoghlaim óna huncaill, Tadhg Ó Fathaigh. Bhí sí ceithre scór bliain d'aois agus bhí sí thíos cúpla bliain a chaitheamh i Meiriocá Theas sular tháinig sí go dtí an Ind. "Níl a fhios agam cá ndeachaigh na blianta ar chor ar bith. Níor airigh mé ag imeacht iad. Is dócha go raibh muid ag obair" a deir sí.

Turas Rua

AG A NAOI ar maidin tháinig na fir oibre. Beirt acu a bhí ann. Van beag gorm a bhí acu agus dréimire ar an díon. Bhí culaithe oibre orthu beirt.

"An Chlúid, an ea?" arsa an chéad fhear, nuair a d'oscaill Rua an doras.

"Is ea," arsa Rua.

"Agus is tua Rua, an seanleon mantach, nach tú?" arsa an fear eile.

"Is mé," arsa Rua.

"Tá cailín beag agamsa sa mbaile," arsa an chéad fhear, meangadh gáire air, "agus bíonn sí ag léamh do chuid scéalta."

"Ó," arsa Rua, agus beagán náire air.

"Bhuel, tá muid anseo leis an gClúid a phéinteáil," arsa an dara fear.

Lig Rua isteach iad.

Bhí an áit réitithe ag Rua i gcomhair na hoibre. Bhí bláthanna Mháirín ar fad sa bpóirse; na plúiríní sneachta agus an geranium agus bláth gorm a raibh ainm ait air. Bhí seanbhráillín ar na cathaoireacha, an clog mór agus na pictiúirí ar fad i mbosca. Bhí an áit fuar folarmh.

Chuaigh Rua amach ar chál an tí. Chuir sé glas ar dhoras an sciobóil. Isteach leis agus suas staighre. Is ann a bhí a chásá donn agus é pacálite. Bhí a chuid *pygamas* ann, leabhar crosthoclá, scuab fiacal, dhá phéire stocaí agus fleasc tae don turas. Lig Rua osna na seanleon mantach. Bhí sé in am an bóthar a bhualadh.

Shíl sé go raibh biseach ar Mhamó agus go mbeadh Nua agus Máirín ar ais Dé Luain agus go mbeadh bainne te agus brioscáil seacláide acu triúr. Ach bhí Mamó lag arís. Chaithfeadh Máirín fanacht i mBaile Átha Cliath go fóill.



"Caithfidh tú a theacht go Baile Átha Cliath," sin é a bhí ráite ag Máirín leis ar an nguthán.

"Liom féin?" arsa Rua.

"Beidh muid romhat ag an stáisiún," arsa Máirín.

Ar dtús, bhí faitíos air dul ar an traein leis féin. B'fhéidir go rachadh sé ar an traein mhícheart. B'fhéidir nach n-aithneodh sé Baile Átha Cliath. B'fhéidir seo agus b'fhéidir siúd. Ach ní raibh aon dul as.

Dhún Rua a chásá donn. Chuir sé cluais air féin. Bhí na fir ag obair leo thíos staighre, na fuinneoga ar leathadh acu agus boladh breá péint ann. Síos staighre leis go mall, righin. Chuir sé a hata breá ar a cheann.

"Nach mbeidh an Chlúid maisithe go gleoite nuair a thiocfas muid ar ais?" sin é a bhí ráite ag Máirín. "Is fada braon péint ag teastáil ann."

Ach bhí amhras ar Rua an dtiocfaidís ar ais. Níor dhúirt sé tada le Máirín. Ach bhí Mamó tinn. Agus bhí Máirín ag teastáil i mBaile Átha Cliath.



Níor imigh Rua ón gChlúid ó d'fhág sé an Sú. Bhí faitíos air imeacht anois.

Sular fhág Rua an Chlúid labhair sé leis na fir.

"Seo paicéad brioscáí seacláide daoibh," ar sé.

"Nach mbeidh siad uait féin?" ar siadsan.

"Tá paicéad eile agam féin," arsa Rua.

"Go raibh míle maith agat. Go n-éirí do thuras leat," arsa an bheirt.

Agus d'fhág sé slán acu.

Chuaigh Rua go dtí stáisiún an Bhaile Mhóir i dtacsáí. Shuigh sé cois fuinneoge sa traein. Lig fear an stáisiúin fead ghéar. Ní dhearna an traein chú-chú ar bith ag fágáil a stáisiúin di.

Bhreathnaigh Rua ar thithe an Bhaile Mhóir ag steamhnú uaidh. Tithe a raibh páistí an Bhaile Mhóir iontu. Tithe a leathfadh brat na hoíche orthu agus a lasfadh na soilse sráide ina dtimpeall anocht. Lig Rua air go raibh sé ag léamh an pháipéis. Ach bhí deoir na seanleon mantach faoina shúil.

"Slán, a Chlúid," arsa sé os íseal.

Léigt Libh, a Leaná!

*An Lacha Bheag
i bhFaiche Siabhlána*



Muriel O'Connor
Paddy Malone a mhaisigh

Is breá an áit i Faiche Siabhlána gan aon agó. Ach tá lacha bheag ina comhá ann agus i bréan den áit.

Tá fonn níorthí an domhan móra a fheiceáil.

Oiriúnach do pháistí 6-9.

Uimhir Chatalóige GR1590
• ISBN 1-85791-234-9 • £4.95 • Crua



Tá Bran in ann Comhaireamh

Is ea, tá Bran in ann comhaireamh suas go dtí a deich. Mura bhfuil tusa in ann é sin a dhéanamh, cabhróidh Bran leat. Is féidir bráth ar Bhran agus a chairde! Bran go brách!

Oiriúnach do pháistí 3-6.

Uimhir Chatalóige GR1600
• ISBN 1-85791-319-1 • £5.25 • Crua

Tá leabhair uille an Ghúim ar fáil trí an bpost ó:

AN SIOPA LEABHAR, 6 SEÁID FHIARCAIR,
BAILE ÁTHA CLIATH 2.


• TELE: (01) 478 3814 • FAX: (01) 478 5428

GAN GUM

Carr Pádraig, 24-27 Sráid Phádraig Thionscail,

Baile Átha Cliath 1

• Tel: (01) 889 2229 • E-mail: gum@anc.ie



Níor chuir TnaG riamh
aon teora lena mianta...
Leagamar béim ón túis
ar chláiracha den scoth...
Seo chugainn anois
an saol úr digiteach.

Réabhlóid Éabhlóid

Revolution Evolution



Súil Eile

<http://www.tg4.ie>